







## GLUAIS

---

Todhcaí Níos Aclaí Do Chách	Creat maidir le Rómheáchan agus Otracht a Chosc i dTuaisceart Éireann 2012-2022
"Todhcaí Chorpacmhainneach"	Tascfhórsa tras-Rannach bunaithe sa bhliain 2004 le roghanna a scrúdú chun an t-ardú i leibhéal rómheáchain agus otrachta i measc leanaí agus daoine óga a chosc
'deontaschúnta'	Tagraíonn sé seo do scoil a dtugtar deontais di faoi na hOrduithe Oideachais
"Lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta"	Téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar a heagraíochtaí reachtúla ar fad a oibríonn san earnáil, lena n-áirítear RSSSSP, an HSCB, an PHA, na hlontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta srl.
'na caighdeáin'	Na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile agus na Caighdeáin Chothaithe do Bhia agus do Dheochanna Eile i Scoileanna
'na Ranna'	An Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
Biaslán	Bord Thuaidh-Theas atá freagrach as cur chun cinn na sábháilteachta bia ar oileán na hÉireann
BSO	Eagraíocht Seirbhísí Gnó Sláinte agus Cúraim Shláinte
CCEA	An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe
RO	An Roinn Oideachais
RSSSSP	An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí

*BOL	Bord Oideachais agus Leabharlann <i>* Nuair a thagann sé i bhfeidhm, beidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS/ESA) freagrach as na feidhmeanna atá á ndéanamh ag na Boird Oideachais agus Leabharlanna (BOLanna) faoi láthair, mar aon leis na feidhmeanna atá á ndéanamh ag an CCSM, ag Coimisiún Foirne na mBOL agus ag an Chomhairle Óige.</i>
ES	Scoileanna Sínte
*ÚOS/ESA	An tÚdarás Oideachais agus Scileanna
ETI	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
FSA	An Ghníomhaireacht Caighdeán Bia
FSM	Béilí Scoile Saor in Aisce
GAA	Cumann Lúthchleas Gael
HPA	Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur chun Cinn na Sláinte <i>(An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí a thugtar uirthi faoi láthair)</i>
HSCB	Bord Sláinte agus Cúraim Shláinte
IFA	Cumann Sacair Thuaisceart na hÉireann
LLW	Foghlaim don Saol agus don Obair
NA	Comhpháirtí Cothaithe (ETI)
PHA	An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí <i>(Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur chun Cinn na Sláinte a tugadh uirthi roimhe seo)</i>
SNAG	Grúpa Gníomhaíochta maidir le Cothú i Scoileanna



## CLÁR

Focal ón Aire O'Dowd .....	1-3
Achoimre Fheidhmeach .....	5-8
Intreoir .....	9-11
Aidhmeanna agus Cuspóirí .....	11-13
Cur Chuige sa Scoil Uile a Ghlacadh .....	13-27
Eilimintí Éigeantacha .....	15-24
Béilí Scoile .....	15-18
Bia agus deochanna a chuireann scoil ar fáil.....	18-22
Ag forbairt eolais agus scileanna .....	22-24
Eilimintí Lánroghnacha .....	25-27
Lóna pacáilte agus sosanna .....	25-26
Bainistíocht ar am lóin .....	26
Cur chun cinn agus fógraíocht bia do leanaí .....	26-27
Suíomhanna Luathbhlianta .....	27
Cur i bhFeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna .....	28-32
Struchtúir .....	28
Róil agus Freagrachtaí .....	29-31
Cistiú .....	31-32
Monatóireacht agus Measúnú .....	32-33
An Bealach Chun Tosaigh .....	33-34

IARSCRÍBHINNÍ .....	35-75
larscríbhinn 1: An pláta 'dea-bhia a ithe' .....	35
larscríbhinn 2: Caighdeáin chothaithe do líonta scoile .....	36-49
larscríbhinn 3: Caighdeáin chothaithe i leith bianna agus deochanna eile i scoileanna .....	50-55
larscríbhinn 4: Beartas Eiseamláireach Bia i Scoileanna do scoileanna aonair.. .....	56-58
larscríbhinn 5: Naisc chuig acmhainní do scoileanna .....	59-62
larscríbhinn 6: Sonraí teagmhála .....	63-70
larscríbhinn 7: Téarmaí Tagartha an Fhórait maidir le Bia i Scoileanna ..	71-75



## Focal Ón Aire O'Dowd

---

Cuireann aiste shlaintiúil, chothromaithe bia go mór le fás agus forbairt leanaí, lena bhfeidhmíocht agus lena ngnóthachtáil oideachais agus lena sláinte agus folláine san fhadtéarma. Tá sé breá soiléir ón taighde ar fad go bhfuil nasc idir drochshláinte, droch-chothú agus gnóthachtáil íseal ar scoil.

Cuireann Clár reatha an Rialtais ceangaltas ar an Roinn Oideachais rátaí rannpháirtíochta a ardú agus feidhmíocht agus gnóthachtáil oideachais a fheabhsú, go háirithe dóibh siúd sna pobail is mó atá ar bheagán deiseanna ón taobh sóisialta de. Tá ceangaltas ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí infheistiú i gcláir le dul i ngleic le murtall.

Ó 2005/06 go dtí 2011/12 mhéadaigh céatadán na leanaí i mBliain 8 atá róthrom nó murtallach ó 27% go dtí 31%. Léiríonn taighde go bhfuil seans níos mó ann go mbeidh leanaí atá murtallach nó róthrom murtallach agus iad ina ndaoine fásta agus go bhforbróidh siad réimse fadhbanna sláinte gaolmhara. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí mar sin go ndéantar beart le féacháil le sláinte agus folláine leanaí agus daoine óga a fheabhsú anseo.

Itheann thar 166,000 leanbh béilí scoile anseo gach lá; is léir mar sin go bhfuil scoileanna ag imirt ról tábhachtach lena chinntiú go bhfuil bia cothaitheach á chur ar fáil do leanaí. Imreoidh sé seo ról lárnach ó thaobh sláinte agus folláine leanaí a chothabháil agus a fheabhsú.

Ina theannta sin, aithním go mb'fhéidir gurb é an béile a chuirtear ar fáil ar scoil an t-aon bhéile amháin nó an príomhbhéile a fhaigheann cuid de na leanaí is díothaí; tá seans níos mó ann go bhfágfaidh na leanaí sin an scoil le drochthorthaí oideachais.

Tá mé tiomanta d'fheabhas a chur ar an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna anseo. Aithním, áfach, go bhfuil grinnschrúdú níos mó á dhéanamh ar an slabhra soláthair bhia le gairid mar gur thángthas ar DNA capaill i dtáirgí áirithe feola. Dheimhnigh an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil riosca sláinte ag baint le feoil capaill nó le DNA capaill. Fad is gur saincheist í seo a bhaineann le muinín an phobail sa slabhra soláthair bhia, leag sé béim ar cé chomh tábhachtach agus atá sé go bhfanaimid airdeallach faoi chaighdeán agus faoi fhoinsé an bhia a chuirtear ar fáil do leanaí tríd an tseirbhís béilí scoile. Leanfaidh na Caighdeáin Chothaithe do Bhéilí Scoile le ról ríthábhachtach a imirt

maidir leis seo mar má chloítear leis na caighdeáin ciallaíonn sé go bhfuil formhór na mbéilí a thairgtear do dhaltáí cócaráilte go húr, ag úsáid toradh atá úr, inrianaitheach agus áitiúil.

Leagann an Beartas Bia i Scoileanna amach, mar sin, an dóigh a dtig le scoileanna oibriú le comhpháirtithe le feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna.

Chomhoibrigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí go dlúth le scoileanna, le príomheagraíochtaí agus le príomhghníomhaireachtaí comhpháirtíochta le tamall de bhlianta anuas le feabhas a chur ar chaighdeán cothaithe an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna. I dteannta a chéile, tá iarracht déanta againn oideachas agus tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga mar aon le hiad a spreagadh agus a chur chun cinn le roghanna sláinte a dhéanamh i dtaca le bia de.

Tá sé ríthábhachtach do mo Roinn go ndéanfar beart le feabhas a chur ar chaighdeán cothaithe an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna, go dtabharfar oideachas dár leanaí agus dár ndaoine óga maidir le cothú agus iteachán sláintiúil. Tá sé an-tábhachtach fosta go nglacfar le cur chuige "sa scoil uile" maidir le bia agus cothú.

Aithním go n-imríonn ár scoileanna ról lárnach ó thaobh oideachas a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga agus ó thaobh dul i bhfeidhm orthu maidir le tábhacht aiste chothromaithe bia, an dóigh le roghanna sláinte bia a dhéanamh agus na dóigheanna a dtéann drochaiste bia i bhfeidhm ar shláinte. Tá mé tiomanta do chinntiú go leanfaidh ár scoileanna le timpeallacht a chur ar fáil ina dtig le gach duine óg foghlaim agus céimeanna a ghlacadh le cur lena sláinte agus lena bhfolláine agus fad is go bhfuil siad á dhéanamh a lánacmhainneacht a chomhlíonadh i dtéarmaí torthaí oideachais agus sláinte. Tá sé riachtanach go bhforbróidh ár leanaí agus ár ndaoine óga an t-eolas agus na scileanna le ligean dóibh ithe go sláintiúil agus roghanna sláintiúla a dhéanamh, ní hamháin taobh istigh den scoil ach taobh amuigh di fosta. Cuireann an curaclam bunscoile agus iar-bhunscoile deiseanna ar fáil do dhaoine óga anois leis na scileanna riachtanacha a fháil maidir leis sin.

Le deich mbliana anuas rinneadh an-iarracht le feabhas a chur ar luach cothaitheach na lóna scoile. Tá caighdeáin chothaitheacha i bhfeidhm ó bhí 2007 ann agus tá siad leabaithe go maith i scoileanna anois, rud a léiríonn an dul chun cinn suntasach atá déanta. Tá a fhios ag tuismitheoirí agus ag daltaí go gcuireann lóna scoile roghanna sláinte ar fáil mar aon le luach maith ar airgead.



## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



Mar sin féin tá sé tábhachtach, ar aon dul leis an chur chuige "sa scoil uile" a chuireann taca faoin Bheartas Bia i Scoileanna, go gclóinn gach bia agus deoch a chuirtear ar fáil i scoileanna leis na caighdeáin chothaithe - áiríonn sé sin bia agus deochanna atá ar fáil i meaisíní díola, i siopaí sólaistí, i gclubanna bricfeasta agus i gclubanna iarscoile.

Caithfidh ceannairí scoile agus lónadóirí scoile oibriú le chéile, agus i gcomhar le tuismitheoirí, lena chinntiú go bhfuil teachtaireachtaí comhsheasmhacha faoi iteachán sláintiúil á dtabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ina scoileanna. Ní mór do scoileanna glacadh le 'cur chuige sa scoil uile' maidir le gach bia a chuirtear ar fáil.

Tá lúcháir orm go bhfuil na heilimintí éagsúla den 'chur chuige sa scoil uile' maidir le bia i scoileanna leagtha amach sa Bheartas Bia i Scoileanna a thugann breac-chuntas ar cad a chaithfidh scoileanna a dhéanamh maidir leis seo agus an tacaíocht atá ar fáil.

Le chéile, tig linn fiordhifear a dhéanamh do shláinte agus d'fholláine ár leanaí, anois agus san am atá le teacht. Tríd an Bheartas Bia i Scoileanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach tig linn, le chéile, cur le timpeallacht foghlama tacaíochta a éascaíonn torthaí feabhsaithe sláinte agus oideachais do ghlúin reatha agus do ghlúin atá ag teacht.

John O'Dowd CTR  
An tAire Oideachais





## Achoimre Fheidhmeach

1. Is feasach go forleathan gur ríthábhachtach réim shláintiúil, chothrom bia d'fhás agus d'fhorbairt leanaí agus dá sláinte agus dá leas san fhadtréimhse. Tá a fhios againn fosta go bhfuil caidreamh a bhfuil bunús maith leis idir drochshláinte, cothú agus gnóthachtáil íseal oideachais. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach sna luathbhlianta nuair a fhorbraíonn daoine nósanna a mhairfidh ar feadh an tsaoil ach fosta le linn bhlianta an déagóra agus muid ag tabhairt oideachais do dhaoine a bheidh ina dtuismitheoirí amach anseo.
2. Tá a fhios againn fosta go dtig leis an timpeallacht scoile dul i bhfeidhm go mór ar iompraíochtaí sláinte na leanaí agus na ndaoine óga agus, go háirithe, a roghanna bia. Tá 325,000 leanbh<sup>1</sup> agus duine óg cláraithe ag scoileanna anseo. Faigheann siad suas le 6 huairte oideachais in aghaidh an lae, 190 lá in aghaidh na bliana. Imríonn scoileanna ról tábhachtach mar sin sa mhéid is go dtugann siad oideachas do leanaí agus do dhaoine óga faoin tábhacht a bhaineann le haiste chothromaithe bia agus stíl shláintiúil mhaireachtála, ag soláthar roghanna sláintiúla agus cothaitheacha bia agus ag tabhairt teachtaireachtaí sláinte ar bhonn leanúnach.
3. Mar sin de, tá an Roinn Oideachas (RO) agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP) ag obair le scoileanna, le príomheagraíochtaí comhpháirtíochta agus le gníomhaireachtaí le blianta beaga anuas le caighdeán cothaithe an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna a fheabhsú agus le leanaí agus daoine óga a spreagadh agus tacú leo roghanna céillí a dhéanamh i dtaca le bia de.
4. Sa bhliain 2009, dhréachtaigh na Ranna Beartas Uileghabhálach Bia i Scoileanna, rud a mhol 'cur chuige sa scoil uile' do gach bia a chuirtear ar fáil i scoil, ag cur bia sláintiúil chun cinn i measc leanaí agus daoine óga ar scoil agus ag forbairt scileanna agus eolais le bia sláintiúil a spreagadh agus tacú leis taobh amuigh de scoil. Bhí an dréachtbheartas faoi réir comhairliúchán poiblí trí mhí. Bhí freagairt mhaith ar an chomhairliúchán agus léirigh réimse leathan páirtithe leasmhara tacaíocht láidir don dréachtbheartas. Athdhréachtaíodh an beartas le cur san áireamh barúlacha agus ábhair imní a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin agus cúinsí reatha eacnamaíochta. Is í an cháipéis seo an Beartas athdhréachtaithe agus comhaontaithe Bia i Scoileanna.

<sup>1</sup> *Daonáireamh Scoileanna 2012*

5. Aithníonn na Ranna fad is go bhfuil an príomhról ag scoileanna sa Bheartas Bia i Scoileanna, tá sé sin laistigh den chomhthéacs seo a leanas:
- ☑ Is iad na tuismitheoirí agus na daoine a bhfuil freagracht tuismitheoirí acu, na daoine is mó a théann i bhfeidhm ar nósanna itheacháin a gcuid leanaí agus is iad sin na daoine a bhfuil an phríomhfhreagracht acu as na nósanna sin.
  - ☑ Tá sé de cheart ag leanaí, agus daoine óga go háirithe, roghanna eolasacha a dhéanamh i dtaca leis an bhia a itheann siad.
  - ☑ Bíonn impleachtaí ag an bhia a itheann roinnt mhaith leanaí os cionn a luach cothaithe. D'fhéadfadh sé sin bheith amhlaidh de bharr míchumais, riochtaí sláinte nó ailléirgí nó de bharr cúiseanna reiligiúnacha agus cultúrtha.
  - ☑ Ní thig leis an Bheartas Bia i Scoileanna bheith éifeachtach i ndáiríre ach amháin laistigh de chomhthéacs scoile a thugann aghaidh ar fhorbairt phearsanta agus folláine mothúchán agus beidh sé níos éifeachtaí má cheanglaítear é go dlúth le corpoideachas agus le gníomhaíocht choirp i scoileanna.
6. Mar sin de, tá an Beartas Bia i Scoileanna ina bheartas uileghabhálach a mholann 'cur chuige sa scoil uile' do gach bia a chuirtear ar fáil agus a itear i scoileanna agus a fhorbraíonn eolas agus scileanna i dtaca le bia sláintiúil agus stíl shláintiúil mhaireachtála.
7. Cuireann an cháipéis seo in iúl beartas na Roinne i dtaca le gach cineál bia i scoileanna, an tacaíocht atá ar fáil, ról, freagrachtaí agus cistiú. **Baineann an beartas seo le gach scoil dheontaschúnta.**

### Beartas Bia i Scoileanna - Achoimre Ardleibhéil

8. Ta eilimintí ag an bheartas atá éigeantach do gach scoil ar nós na gCaighdeán Cothaithe do Lóna Scoile agus eilimintí atá molta go láidir ach faoi na scoileanna atá sé sa deireadh cinneadh a dhéanamh mar gheall orthu ina gcomhthéacs áitiúil, i gcomhairle le daltaí, le tuismitheoirí agus le daoine eile.
9. Mar aon leis sin, tá an Roinn Oideachais ag obair i dtreo leasaithe ar reachtaíocht reatha lena chinntiú go bhfuil na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach i ngach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn moltar gur chóir do gach scoil dheontaschúnta iarracht a dhéanamh cloí leis na Caighdeáin Chothaithe i léith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna ar aon dul leis an "chur chuige sa scoil uile" a mholtar tríd an bheartas seo.

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



10. Deir an beartas go gcaithfidh scoileanna deontaschúnta:
- Glacadh le cur chuige sa scoil uile maidir le bia agus cothú.
  - Cloí go hiomlán leis na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile agus na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna<sup>2</sup>.
  - A chinntiú go bhfuil teacht éasca ag daltaí ar uisce úr óil, saor in aisce.
  - Am a chur ar leataobh le haghaidh oideachais sa churaclam i dtaca le cothú agus itheachán sláintiúil ón bhonnchéim go dtí eochairchéim 4 (.i. le linn oideachas éigeantach).
  - Oideachas maidir le hEacnamaíocht Bhaile a chur ar fáil do gach dalta ag eochairchéim 3 (.i. i mblianta iar-bhunscoile 8–10) mar aon le deiseanna chun bealaí a fhiosrú a chuideoidh leo aiste bia níos sláintiúla a fhorbairt agus scileanna praiticiúla a fhorbairt le bia a úsáid go sábháilte, go sláinteach agus go cruthaitheach.
11. Faoi na scoileanna iad féin atá sé cinntí a dhéanamh i dtaca leis na nithe seo a leanas:
- Daltaí ag tabhairt bia istach sa scoil.
  - Bainistíocht ar am lóin.
  - Fógraíocht agus urraíocht srl.

Mar sin féin, ba chóir do scoileanna aird mar is cuí a thabhairt ar an treoir a d'eisigh an Roinn. Tá sraith leabhrán praiticiúil treorach le fáil in 'Bia scoile: an treoir riachtanach'. Tá sé mar aidhm ag na leabhráin seo cuidiú le scoileanna feabhas a chur ar chothú na ndaltaí agus nósanna itheacháin agus óil níos sláintiúla a chur i bhfeidhm. Tá an treoir ar fáil ar:

[www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide](http://www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide)

<sup>2</sup> De bharr go bhfuil bearna ann i reachtaíocht reatha níl Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach faoi láthair san earnáil rialaithe agus san earnáil faoi chothabháil, áit a gcuireann an scoil bia ar fáil (seachas Bord Oideachais agus Leabharlann) trí shiopaí sólaistí, meaisíní díola srl. Tarraingeoidh an Roinn Oideachais leasú ar reachtaíocht reatha anuas le haghaidh a thabhairt ar an bhearna seo agus lena chinntiú go mbaineann na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna go cothrom le gach bia a chuireann scoileanna deontaschúnta ar fáil i dtimpeallacht scoile.

12. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar naisc éifeachtacha idir an teagasc a dhéantar ar chothú, ar chúrsaí sláinte, ar chorpoideachas agus na deiseanna eile a chuireann siad ar fáil do dhaoine óga a bheith páirteach i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Ceadaíonn an curaclam scoile foghlaim cheangailte.
13. Moltar do scoileanna tacaíocht a fháil ó chomhpháirtithe sláinte agus ó eagraíochtaí deonacha a bhfuil réimse clár oideachais forbartha acu ar chothú agus ar itheachán sláintiúil. Tá liosta acmhainní agus sonraí teagmhála úsáideacha le fáil in Iarscríbhinn 5 agus 6.

### Suíomhanna Luathbhlianta

14. Ní mór do gach seirbhís feighlíochta leanaí agus gach seirbhís cúram lae do leanaí faoi 12 cloí leis an chaighdeán ar bhianna agus ar dheochanna de réir mar atá leagtha amach sna Caighdeáin Bhunchúraim de chuid na RSSSSP. Tá an caighdeán seo bunaithe ar an treoir atá leagtha amach sa cháipéis a leasaíodh chun dáta le gairid "Cúrsaí Cothaithe do na Luathbhlianta".

### Creat tacaíochta

15. Cuireann na Ranna creat tacaíochta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais. Tá an Fóram maidir le Bia i Scoileanna i gceannas air seo agus tugann Comhordaitheoir réigiúnach Bia i Scoileanna (PHA) tacaíocht dó.
16. Tá an phríomhfhreagracht ar an RO maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais seo.



# Beartas Bia I Scoileanna

1. Tá sé mar aidhm ag an cháipéis seo breac-chuntas a thabhairt ar na nithe seo a leanas: na fáthanna a bhfuil beartas Bia i Scoileanna de dhíth, aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige sa scoil uile a ghlacadh. Sonraíonn sí cad a chaithfidh gach scoil a dhéanamh i dtaca le bia a chuirtear ar fáil sa scoil agus i dtaca le heolas agus scileanna a fhorbairt, agus cé na cinntí a thig le scoileanna a dhéanamh dóibh féin maidir leis na nithe seo a leanas: bia a thugtar isteach sa scoil, saincheisteanna am lóin, agus fógraíocht agus cur chun cinn táirgí bia i scoileanna. Sa deireadh cuireann sí síos ar an chreat atá i bhfeidhm le tacú le scoileanna agus na róil, freagrachtaí agus cistiú do chur i bhfeidhm an bheartais.
2. Trí chur i bhfeidhm an bheartais, leanfaidh scoileanna orthu ag cinntiú go soláthraítear bia cothaitheach, sláintiúil do pháistí agus do dhaoine óga. Tá tábhacht ar leith leis seo ag am a bhfuil an biashlabhra faoi dhianiniúchadh nuair a aimsíodh DNA capaill in earraí feola ar leith. Dhearbaigh an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia nach bhfuil aon fhianaise ann go gcothaíonn feoil chapail nó DNA capaill aon chontúirt do shláinte an duine. In ainneoin gur ceist í seo a bhaineann le muinín an phobail maidir leis an bhiashlabhra, d'aibhsigh sé cé chomh tábhachtach is atá sé go bhfanann scoileanna agus seirbhísí lónadóireachta scoileanna airdeallach faoi chaighdeán agus faoi fhoinsé an bhia a sholáthraítear do pháistí tríd an tseirbhís béilí scoile. Leanfaidh na Caighdeáin Chothaithe Béilí Scoile orthu ag imirt róil thar a bheith tábhachtach maidir leis seo, mar má ghníomhaítear de réir na gcaighdeán, ullmhófar an formhór de na béilí úra scoile a sholáthraítear do pháistí trí úsáid a bhaint as earraí úra, inaimsihte áitiúla.

## Intreoir - cad chuige a bhfuil beartas de dhíth orainn?

3. Is feasach go forleathan gur ríthábhachtach aiste shláintiúil, chothromaithe bia d'fhás agus d'fhorbairt leanaí agus dá sláinte agus dá leas san fhadtréimhse. Tá a fhios againn fosta go bhfuil caidreamh a bhfuil bunús maith leis idir drochshláinte, cothú agus gnóthachtáil íseal oideachais. Mar sin de, tá an Roinn Oideachas (RO) agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP) ag obair le scoileanna, le príomheagraíochtaí comhpháirtíochta agus le gníomhaireachtaí le blianta beaga anuas le caighdeán cothaithe an bhia a chuirtear ar fáil i scoileanna a fheabhsú agus le leanaí agus daoine óga a spreagadh agus tacú leo roghanna céillí a dhéanamh i dtaca le bia de le linn agus i ndiaidh am scoile.

4. Sa bhliain 2004, chuir an RO tús leis an phróiseas a bhaineann le bia i scoileanna a fheabhsú trí threoirthionscadal a chur i bhfeidhm i dtuairim is 100 scoil. Ba iad aidhmeanna an treoirthionscadail measúnú a dhéanamh ar an dóigh arbh fhéidir caighdeáin chothaithe béilí scoile a fheabhsú agus ar an dóigh ab fhearr leis an athrú seo a chur i bhfeidhm. Dá thairbhe sin, d'fhógair an RO go gcuirfí Caighdeáin úra Chothaithe do Lóna Scoile i bhfeidhm ar bhonn céimneach, le hinfheistíocht bhreise de £3 mhilliún in aghaidh na bliana le feabhas a chur ar a bhfuil istigh i mbia, le tacaíocht, trealamh agus oiliúint a chur ar fáil.
5. Ag an am céanna, mar fhreagairt ar imní faoin ardú atá ag teacht ar leibhéil rómheáchain agus otrachta i measc leanaí agus daoine óga, bhunaigh an Grúpa Rannach ar Shláinte Phoiblí tascfhórsa idir-rannach sa bhliain 2004 (Todhchaí Chorpacmhainneach) le scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann maidir le cosc a chur ar an ardú i leibhéil rómheáchain agus otrachta i measc leanaí agus daoine óga agus le moltaí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí le haghaidh gnímh. Shainithin an tascfhórsa sé thosaíocht le haghaidh gnímh, ceann acu a d'áirigh an moladh gur chóir clár maidir le bia i scoileanna a chur i bhfeidhm.
6. Tá na tosaíochtaí, na moltaí agus na torthaí laistigh de 'Todhchaí Níos Aclaí do Chách; fócas ar bhia, ar ghníomhaíocht agus ar dhaoine óga' curtha san áireamh agus tugtha chun tosaigh tríd an 'Creat maidir le Rómheáchan agus Otracht a chosc i dTuaisceart Éireann 2012-2022 –Todhchaí Níos Aclaí Do Chách' a seoladh i Márta 2012. Glacann an Creat cur chuige 'cúrsa saoil' maidir le haghaidh a thabhairt ar an dóigh a bhfuil rómheáchan agus otracht ag éirí níos coitianta i measc phobal iomlán Thuaisceart Éireann agus is féidir a theacht air ag an nasc seo a leanas:  
[www.dhsspsni.gov.uk/framework-preventing-addressing-overweight-obesity-ni-2012-2022.pdf](http://www.dhsspsni.gov.uk/framework-preventing-addressing-overweight-obesity-ni-2012-2022.pdf)
7. Aon phlean inchreidte atá ag iarraidh dul i ngleic le rómheáchan agus otracht i measc leanaí agus daoine óga, caithfidh sé aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheist an bhia i scoileanna.
8. Is iomaí beartas agus clár atá i bhfeidhm cheana féin a chuireann leis an Beartas Bia i Scoileanna m.sh. caighdeáin chothaithe do bhéilí scoile, an tsraith den churaclam a bhaineann le forbairt phearsanta srl. Mar sin féin, tá an Beartas uileghabhálach seo de dhíth lena chinntiú go n-oibreoidh siad uile le chéile le teachtaireacht chomhsheasmhach a chur ar fáil ionas go mbeidh a bhfuil á theagasc faoi bhia sláintiúil sa seomra ranga á chleachtadh sa cheaintín, sna meaisíní díola sa scoil, sna siopaí sólaistí srl. agus lena chinntiú go mbeidh scileanna praiticúla ag tabhairt tacaíochta do gach rud.



## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla

9. Molann an Beartas Bia i Scoileanna gur chóir do scoileanna glacadh le cur chuige sa scoil uile do gach bia agus deoch a chuirtear ar fáil i scoileanna, gur chóir go mbeadh gach duine ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí agus gur chóir do gach leanbh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a fhorbairt le roghanna sláintiúla bia a dhéanamh anois agus amach anseo.
10. Aithnítear an tábhacht le cothú a fheabhsú agus tacú le hitheachán sláintiúil i scoileanna trí aitheantas a thabhairt dá ról i gcur i bhfeidhm roinnt straitéisí agus pleananna fadtéarmacha m.sh.:
  - ☑ An Straitéis Deich mBliana maidir le Leanaí agus Daoine Óga
  - ☑ An Straitéis maidir le Deiseanna Saoil
  - ☑ An Beartas maidir le Scoileanna Seirbhísí Breise
  - ☑ Straitéis maidir le hInfheistiú le haghaidh Sláinte agus an straitéis a cuireadh ina háit, an Creat Straitéiseach úr maidir le Sláinte Phoiblí ('Aclaí agus Sláintiúil – Ag Athru Beatha Daoine') atá á forbairt faoi láthair
  - ☑ An Straitéis Sláinte Béil
  - ☑ Gach Scoil ina Scoil Mhaith – beartas le haghaidh feabhsú scoile
  - ☑ Creat maidir le Rómheáchan agus Otracht a Chosc i dTuaisceart Éireann 2012–2022: Todhchaí Níos Aclaí do Chách.
11. Tá an Beartas Bia i Scoileanna mar pháirt thábhachtach de scoil shláintiúil sa mhéid is go gceanglaíonn sé le chéile: itheachán sláintiúil, gníomhaíocht choirp, folláine mothúchán agus fobairt phearsanta.

### Aidhmeanna agus Cuspóirí

12. Is é príomhaidhm an Bheartais Bia i Scoileanna, de réir 'Todhchaí Chorpacmhainneach' a chinntiú *"go léiríonn bia i scoileanna cothromaíocht na sláinte<sup>3</sup> maithe agus go gcuireann sé go mór le cothú na hóige agus go gcuireann scoileanna le forbairt an eolais agus na scileanna atá riachtanach le bheith ábalta roghanna sláintiúla a dhéanamh i dtaca le bia de."*
13. Ina theannta sin, aithníonn an beartas Oideachais agus an beartas Sláinte araon tábhacht na luathbhlianta i dtaca le forbairt fhisiceach, mhothúchánach, shóisialta agus chognaíoch de. Féachfaidh an beartas seo lena chinntiú go *"Soláthraíonn suíomhanna luathbhlianta deiseanna leordhóthanacha do chothú maithe agus go gcothaíonn siad nósanna maithe i dtaca le hitheachán sláintiúil de."*

<sup>3</sup> Tá 'Cothromaíocht na Sláinte Maithe' leasaithe chun dáta anois ag an pláta dea-chothaithe de chuid na Gníomhaireachta Caighdeán Bia. Tá cóip ceangailte le hIarscríbhinn 1.

14. Tá an Feidhmeannas tiomanta do dhul i ngleic le hotracht agus d'fhógair sé tríd an Chlár don Rialtas infheistíocht ar fiú €7.2 milliún é thar an tréimhse trí bliana 2012/13 go dtí 2014/15 isteach i Todhchaí Níos Aclaí do Chách. Cuirfidh an Beartas Bia i Scoileanna go mór leis an aidhm seo a bhaint amach trína ról a imirt, i measc bertais eile, le leibhéal rómheáchain agus otrachta a laghdú.
15. Tá roinnt cuspóirí ag an bheartas:
- ☑ Caithfidh gach scoil dheontaschúnta glacadh le cur chuige sa scoil uile maidir le bia agus cothú agus ba chóir go mbeadh sé mar aidhm acu beartas bia sa scoil uile bheith i bhfeidhm acu laistigh de 12 mhí ó fhoilsiú an bheartais seo.
  - ☑ Caithfidh gach béile scoile cloí leis na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile atá éigeantach ó Mheán Fómhair 2007.
  - ☑ Caithfidh gach bia agus deoch a chuirtear ar fáil i scoileanna cloí leis na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna a tugadh isteach in Abreán 2008.<sup>4</sup>
  - ☑ Caithfidh gach scoil a chinntiú go bhfuil teacht éasca ag daltaí ar uisce úr óil, fuaraithe más feidir, saor in aisce.
  - ☑ Caithfidh gach scoil am a chur ar leataobh sa churaclam d'oideachas maidir le cothú agus iteachán sláintiúil ón bhonnchém go dtí eochairchém 4; tá sé seo ina cheanglas reachtúil ó Mheán Fómhair 2010.
  - ☑ Caithfidh gach iar-bhunscoil oideachas a sholáthar in Eacnamaíocht Bhaile do dhaltaí ag eochairchém 3; tá sé sin ina cheanglas reachtúil ó Mheán Fómhair 2010.
  - ☑ Caithfidh an RO spriocanna a leagan síos ar bhonn bliantúil maidir le líon na ndaltaí atá ag glacadh béilí scoile agus go háirithe líon na ndaoine i dteideal béilí scoile saor in aisce atá á nglacadh.

<sup>4</sup> *De bharr go bhfuil bearna ann i reachtaíocht reatha níl Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach faoi láthair san earnáil rialaithe agus san earnáil faoi chothabháil, áit a gcuireann an scoil bia ar fáil (seachas Bord Oideachais agus Leabharlann) trí shiopaí sólaistí, meaisíní díola srl. Tarraingeoidh an Roinn Oideachais leasú ar reachtaíocht reatha anuas le haghaidh a thabhairt ar an bhearna seo agus lena chinntiú go mbaineann na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna go cothrom le gach bia a chuireann scoileanna deontaschúnta ar fáil i dtimpeallacht scoile. Idir an dá linn moltar gur chóir do gach scoil dheontaschúnta féachaint le cloí leis na Caighdeáin Chothaithe do Bhia agus do Dheochanna Eile i Scoileanna ar aon dul leis an chur chuige "sa scoil uile" a dtacaíonn an beartas seo leis.*

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla

- ☑ Caithfidh an RO agus an RSSSSP creat tacaíochta a sholáthar le tacú le cur i bhfeidhm an bheartais.
- ☑ Caithfidh an RO agus an RSSSSP monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais agus athbhreithniú a dhéanamh air taobh istigh de chúig bliana dá fhoilsiú.
- ☑ Ba chóir do scoileanna, arna dtacú ag gairmithe sláinte, oibriú le tuismitheoirí, le daltaí agus le daoine eile le beartais a fhorbairt a spreagann daltaí le roghanna sláintiúla amháin (ar aon dul le caighdeáin chothaithe) a thabhairt chun na scoile.
- ☑ Ba chóir do gach scoil breithniú a dhéanamh ar cé chomh hoiriúnach agus atá sé bia a chur chun cinn agus a fhógairt i scoileanna ar aon dul le haon treoir a d'fhéadfadh na Ranna a eisiúint.
- ☑ Ní mór do gach seirbhís feighlíochta leanaí agus gach seirbhís cúram lae do leanaí faoi 12 cloí leis an chaighdeán ar bhíanna agus ar dheochanna de réir mar atá leagtha amach sna Caighdeáin Bhunchúraim de chuid na RSSSSP. Tá an caighdeán seo bunaithe ar an treoir atá leagtha amach sa cháipéis "Cúrsaí Cothaithe do na Luathbhlianta".

16. Tá eilimintí mar pháirt de chuid de na cuspóirí agus is gá do scoileanna cloí leo (eilimintí éigeantacha); faoi na scoileanna iad féin atá sé cloí le heilimintí eile (eilimintí lánroghnacha). Tá an Roinn Oideachais ag obair lena chinntiú go mbeidh an reachtaíocht chuí i bhfeidhm le héileamh ar scoileanna cloí le gnéithe áirithe. Tá níos mó sonraí ar na cuspóirí seo leagtha amach sna paragraif seo a leanas.

### Cur Chuige sa Scoil Uile a Ghlacadh

17. Léiríonn taighde gur féidir le cuir chuige scoilbhunaithe maidir le tacú le sláinte agus leas páistí bheith éifeachtach, fad is go nglactar le cur chuige sa scoil uile. Baineann cur chuige sa scoil uile i leith bia agus cothaithe le tabhairt faoin réimse iomlán ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar chothú páistí agus ar na roghanna bia a dhéanann leanaí sa scoil, lena n-áirítear:
- ☑ Béilí scoile (caighdeáin chothaithe, rogha, cothromaíocht, teacht orthu, infhaighteacht agus costas san áireamh).

- ☑ Bia eile a chuirtear ar fail i scoileanna, m.sh. trí mheaisíní díola, siopaí sólaistí, smailceanna agus deochanna am sosa agus clubanna bricfeasta.
- ☑ Bia a thugtar chun na scoile (lóna pacáilte, smailceanna).
- ☑ Teacht ar bhia taobh amuigh de scoil ag am lóin.
- ☑ Caighdeán an bhia.
- ☑ Oideachas maidir le cothú agus iteachán sláintiúil.
- ☑ Scileanna a fhorbairt maidir le hullmhúchán bia agus cócaireacht.
- ☑ Oiliúint agus forbairt foirne atá ag obair i scoileanna.
- ☑ Dearcadh agus páirtíocht na dtuismitheoirí.
- ☑ Nasc le planáil forbartha scoile.
- ☑ Fógraíocht agus cur chun cinn bia i scoileanna.

18. Tá cuid de na saincheisteanna seo faoi réir bheartas agus infheistíocht na RO agus tá siad éigeantach do scoileanna m.sh. caighdeáin chothaithe do bhéilí scoile agus soláthar oideachais maidir le cothú sa churaclam srl. I dtaca le beartas de, áfach, ar an dóigh is fearr le dul i dteagmháil le tuismitheoirí, srianta ar bhia atá leanaí ábalta tabhairt chun na scoile, fad am lóin na scoile agus rialacha maidir le leanaí ag fágáil áitreabh na scoile, faoi scoileanna atá sé, i gcomhairle le tuismitheoirí agus le tacaíocht na gcomhpháirtithe oideachais agus sláinte, socrú ar an dóigh is fearr le tacú le hitheachán sláintiúil ina scoil féin, ar dhóigh atá fóirsteanach d'aoisghrúpa na ndaltaí.

### An tacaíocht atá ar fáil

19. Choimisiúnaigh an RO agus an RSSSP an Gníomhaireacht Sláinte Poiblí (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur chun Cinn na Sláinte a tugadh uirthi roimhe seo) le sraith leabhrán treorach dea-chleachtais a chur le chéile le cuidiú le scoileanna glacadh le cur chuige éifeachtach sa scoil uile maidir le bia i scoileanna trí Chomhordaitheoir réigiúnach Bia i Scoileanna a cheapadh. Tá Bia scoile: an treoir riachtanach ar fáil ag:

[www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide](http://www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide)

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



Áiríonn sé leabhrán maidir le beartas sa scoil uile a bhunú:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Establishing\\_School\\_Food\\_Policy\\_09\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Establishing_School_Food_Policy_09_10.pdf)

(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Establishing\\_School\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Establishing_School_Irish.pdf)

(Gaeilge)

20. Lena chois sin, mar atá sonraithe thíos, beidh scoileanna ábalta tacaíocht agus treoir a fháil ó na Seirbhísí Lónadóireachta Scoile sna Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL<sup>5</sup>) agus ó ghairmithe áitiúla diaitéiteacha agus cothaithe sláinte.

## EILIMINTÍ ÉIGEANTACHA

### Béilí Scoile - Caighdeáin Chothaithe do Lónta Scoile

21. Is follasach le blianta beaga anuas go bhfuil barraíocht geire, salainn agus siúcra i gcothú cuid mhór leanaí agus nach bhfuil go leor torthaí, glasraí ná snáithín ann. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil na béilí scoile a roghnaíonn leanaí cosúil leis an bhia a itheann siad taobh amuigh den scoil. Socraíodh, mar sin de, go gcuirfí caighdeáin i bhfeidhm lena chinntiú go léiríonn béilí scoile treoir maidir le cothú leanaí. Leagadh na caighdeáin seo amach de chéadair sa leabhrán "Ag Freastal ar Stíleanna Maireachtála Níos Sláintiúla" a d'eisigh an RO i mí na Nollag 2001.
22. Aithníodh, áfach, gur dhóiche gur mhór an dúshlan caighdeáin chothaithe a thabhairt isteach do bhia i scoileanna, ní hamháin cionn is go mbeadh na roghanna teoranta do roghanna níos sláintiúla dá bharr. Sa bhliain 2004, cuireadh treoirthionscadal ar bun faoi stiúir ionadaithe ón RO, ón RSSSSP, ó Bhoird Oideachais agus Leabharlann, ó na hiarBhoird Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta, ó iarGhníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur chun Cinn na Sláinte agus ón Ghníomhaireacht Caighdeán Bia (FSA) i gcorradh le 100 scoil le breithniú a dhéanamh ar an dóigh ab fhearr le caighdeáin chothaithe béilí scoile a fheabhsú. Mar thoradh ar mheasúnú ar an treoirthionscadal,

<sup>5</sup> Nuair a thagann sé i bhfeidhm, beidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS/ESA) freagrach as na feidhmeanna atá á ndéanamh ag na Boird Oideachais agus Leabharlanna (BOLanna) faoi láthair, mar aon leis na feidhmeanna atá á ndéanamh ag an CCSM, ag Coimisiún Foirme na mBOL agus ag an Chomhairle Óige.

atá ar fáil ag [www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/5-schools\\_meals/nutritional-standards/nutritional-standards-further-background-page.htm](http://www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/5-schools_meals/nutritional-standards/nutritional-standards-further-background-page.htm), rinneadh roinnt moltaí ar an dóigh ab fhearr le caighdeáin chothaithe a chur i bhfeidhm i scoileanna. I measc na bpríomh-mholtaí, bhí:

- glacadh le cur chuige sa scoil uile, trí chaighdeáin chothaithe a chur i bhfeidhm ar bhia eile a chuirtear ar fáil ar scoil agus trí oideachas éifeachtach ar chothú;
- rannpháirtíocht príomhoidí scoile, tuismitheoirí agus leanaí a fháil i gcur i bhfeidhm pleananna le bia i scoileanna a fheabhsú; agus
- oiliúint, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann lónadóireachta i scoileanna.

23. D'aithin an measúnú fosta gur dóiche go mbeadh impleachtaí móra costais ag baint le tabhairt isteach na gcaighdeán nua, nó tá costais níos airde ag baint le béilí níos cothaithe a tháirgeadh. Sa bhliain 2005, chuir an RO cistiú breise ar fáil leis an chaiteachas is lú ar ábhar béilí a mhéadú, le trealamh a chur ar fáil le haghaidh modhanna coicareachta níos sláintiúla, agus le hoiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhoirne lónadóireachta.
24. Le linn mhí Aibreáin 2006, ag aithint an riachtanais le gníomhaíocht láidir san fhadtéarma le caighdeáin chothaithe béilí scoile a fheabhsú agus le cur le Plean Forfheidhmithe 'Todhchaí Chorpacmhainneach' le tabhairt faoin otracht i measc leanaí, d'eisigh an RO doiciméad comhairliúcháin ag moladh caighdeán bia-bhunaithe agus caighdeán cothaitheach-bhunaithe araon do bhéilí scoile. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar fhreagairtí ar an chomhairliúchán, tháinig na caighdeáin chothaithe i bhfeidhm i ngach scoil ó Mheán Fomhair 2007. Seo na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile agus ní mór do gach scoil dheontaschúnta cloí leo. Tá siad ceangailte le hlarscríbhinn 2 mar eolas.
25. Aithníonn na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile go dtig le roinnt reiligiún agus grúpaí eitneacha riachtanais chothaithe ar leith bheith acu mar gheall ar rialacha agus cleachtaí ar leith i dtaca le bia de. Ba chóir d'údarais scoile a chinntiú go gcuirtear na creidimh sin san áireamh i dtaca le béilí scoile agus bia eile i scoileanna de. Tá áis forbartha ag an PHA le feachtas a ardú ar na riachtanais seo i measc foirne lónadóireachta. Tá sí ar fáil ar:

[www.publichealth.hscni.net/publications/guidance-food-religious-faiths](http://www.publichealth.hscni.net/publications/guidance-food-religious-faiths).

26. Ardaíonn na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile feachtas fosta agus ceadaíonn siad solúbthacht i gcás go bhfuil sainriachtanais chothaithe ag leanbh de bharr

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla

míchumais, riocht sláinte nó ailléirge. Úsáideann Seirbhís Lónadóireachta na mBOL an treoir 'Lónadóireacht Shábhailte' arna forbairt ag an FSA. Tá soláthar oiliúna leanúnaí agus feasachta do gach ball foirne tábhachtach. Tá an leibhéal oiliúna a chuirtear ar fáil i gcomhréir le grád na foirne agus baineann sé le haistí bia speisialta, ailéirgí agus freastal ar riachtanais ilchultúrtha.

27. Mar sin de, tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna san áireamh riachtanais reiligiúnacha agus cultúrtha, ailéirgí agus sainriachtanais chothaithe agus iad ag leagan síos a gcur chuige sa scoil uile agus go gcuirtear tuairimí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí san áireamh.

### Béilí Scoile Saor in Aisce

28. Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go ngríosáítear agus go gcumasaítear leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste le bia sláintiúil, cothaitheach a ithe ar scoil, nó léiríonn taighde gur gnách do na leanaí seo níos mó bianna a bhfuil leibhéal níos airde geire, salainn agus siúcra iontu a ithe agus níos lú torthaí agus glasraí a ithe ná leanaí ó theaghlaigh atá níos saibhre.
29. Tá an RO ag soláthar beilí scoile saor in aisce do leanaí ó theaghlaigh atá dhífhostaithe le roinnt mhaith blianta. Infheistíonn an RO tuairim is €40 milliún in aghaidh na bliana faoi láthair le béilí scoile saor in aisce a chur ar fáil.
30. Ó thús na scoilbhliana 2010/11 cuireadh leis na critéir incháilitheachta le haghaidh béilí scoile saor in aisce le leanaí lánaimseartha náiscoile agus bunscoile a chur san áireamh a bhfuil tuismitheoirí s'acu ag fáil Creidmheas Cánach Oibre agus a bhfuil ioncam bliantúil inchánaithe acu nach mó ná £16,190 (i 2010/11, 2011/12 agus 2012/13). Tugadh an critéar úr isteach ar bhonn céimitheach agus tá daltaí náiscoile, Bonnchéime agus Eochairchéim 1 incháilithe ó Mheán Fómhair 2010 agus daltaí Eochairchéim 2 incháilithe ó Mheán Fómhair 2011.
31. Mar sin féin, cé go bhfuil siad i dteideal béilí scoile saor in aisce, ar chúiseanna éagsúla, ní ghlacann leanaí áirithe iad. Léirigh figiúirí ó Dhaonáireamh Scoileanna 2011 agus Daonáireamh Béilí Scoile nár ghlac tuairim is 21% de dhaltaí lena dteidlíocht.
32. Tá sé riachtanach, mar sin go nglacfaidh seirbhís lónadóireachta na scoile agus scoileanna céimeanna lena chinntiú go nglacfaidh leanaí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce lena dteidlíocht agus moltar do dhuine ar bith a d'fhéadfadh bheith incháilithe iarratas a chur isteach trína BOL.



33. Léirigh obair a rinneadh i réigiúin eile gur féidir le bearta áirithe an náire a bhaineann le teidlíocht béilí scoile saor in aisce a laghdú, mar shampla, trí chártaí cliste a úsáid, agus go dtig leis seo cur le líon na ndaoine a ghlacann iad.
34. Leanann an RO ag déanamh monatóireachta ar spriocanna agus á leagan síos maidir le béilí scoile saor in aisce. Fanfaidh an ceanglas ar Bhoird Oideachais agus Leabharlann tuairisc a thabhairt don RO ar bhonn bliantúil ar líon na ndaltaí i dteideal béilí scoile a fháil saor in aisce atá a nglacadh agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh le cur le líon na ndaltaí sin.

### Béilí Scoile - An tacaíocht atá ar fáil

35. Tugann 'Caighdeáin chothaithe do lóna scoile: Treoir maidir le cur i bhfeidhm' treoracha do scoileanna agus do lucht lónadóireachta maidir leis an dóigh leis na caighdeáin a chur i bhfeidhm agus eisíodh chuig gach scoil í. Cuireann sí treoir phraiticiúil ar fáil maidir leis na biaghrúpaí ar fad mar aon le cuid ar lónadóireacht le haghaidh cúinsí speisialta m.sh. scoileanna speisialta, ailléirgí agus creidimh reiligiúnacha/chultúrtha, agus cleachtas cocaireachta níos sláinte. Tá sí ar fáil ar:   
[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation)
36. Tugann an comhordaitheoir réigiúnach bia i scoileanna agus seirbhísí lónadóireachta scoile sna BOL tacaíocht do scoileanna agus do lucht lónadóireachta scoile agus iad ag iarraidh na caighdeáin a chur i bhfeidhm. Tá eolas breise maidir leis na poist seo le fáil sa chuid Róil agus Freagrachtaí níos moille sa cháipéis beartais seo.
37. Ina theannta sin, bhí an FSA ag obair i gcomhpháirtíocht le lucht déanta bia agus le soláthróirí maidir le bia próiseáilte a chuirtear ar fáil do scoileanna agus tá caighdeáin dheonacha foilsithe aici; leanfaidh an FSA leis na caighdeáin sin a chur chun cinn agus a mholadh do lucht déanta bia agus do sholáthróirí anseo. Tá na caighdeáin sin ar fáil ag:   
[www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/nut-specs/](http://www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/nut-specs/).

Bianna agus deochanna eile a chuireann scoil ar fáil - Caighdeáin Chothaithe i leith bianna agus deochanna eile i scoileanna

### Bia a dhíoltar i scoileanna

38. Shainnithin measúnú an treoirhionscadail le caighdeáin chothaithe béilí scoile a fheabhsú imní faoi chomh héifeachtach is a bheadh feabhsú chaighdeáin chothaithe



## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla

béilí scoile muna gcuirfí srianta ar infhaighteacht roghanna eile nach bhfuil chomh sláintiúil, mar shampla, ó mheaisíní díola agus ó shiopaí sólaistí. Leagadh béim ar na hábhair imní sin fosta in Todhchaí Chorpacmhainneach a shainaithin an gá le Rogha Fhíor, .i. ba chóir do na bianna a léiriú, agus bheith i gcomhréir leis an chomhairle maidir le cad is aiste shláintiúil, chothromaithe bia ann.

39. Sa doiciméad comhairliúcháin a eisíodh i mí Aibreáin 2006, mhol an RO tacar caighdeán do bhia agus do dheochanna a dhíoltar i scoileanna i meaisíní díola, siopaí sólaistí, agus ag amanna sosa, ag clubanna bricfeasta agus i ndiaidh am scoile. I ndiaidh na freagairtí ar an doiciméad comhairliúcháin a bhreithniú, tá na caighdeáin seo tugtha chun críche anois. Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna atá i gceist. Tá an Roinn Oideachais ag obair i dtreo leasaithe ar reachtaíocht reatha lena chinntiú go bhfuil na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach i ngach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn moltar gur chóir do gach scoil dheontaschúnta iarracht a dhéanamh cloí leis na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna ar aon dul leis an "chur chuige sa scoil uile" a mholtar tríd an bheartas seo. Tá siad ceangailte le hlarscríbhinn 3 mar eolas.
40. Tá na caighdeáin solúbtha go leor le ligean d'fheidhmeanna speisialta aonuaire ar nós dioscónna, cóisirí nó imeachtaí tiomsaithe airgid ar nós aonaigh scoile. Mar sin féin, níltear ag súil gur chóir milseáin srl. a úsáid mar dhuaiseanna. **Moltar do scoileanna seo a dhéanamh soiléir ina gcuid beartas bia sa scoil uile.**

### [An tacaíocht atá ar fáil](#)

41. Tugann 'Caighdeáin chothaithe i leith bianna agus deochanna eile i scoileanna: Treoir maidir le cur i bhfeidhm' treoir do scoileanna agus do lucht lónadóireachta maidir leis an dóigh le caighdeáin a chur i bhfeidhm agus eisíodh chuig gach scoil í. Cuireann sí treoir phraiticiúil ar fáil do scoileanna agus do lucht lónadóireachta maidir leis an dóigh leis na caighdeáin a chur i bhfeidhm do bhianna agus do dheochanna eile. Tá sí ar fáil ar:

**[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation)**

42. Ina theannta sin, tá cuid in 'Bia Scoile: an treoir riachtanach' maidir le sosanna níos sláintiúla lena n-áirítear siopa sólaistí níos sláintiúla a reáchtáil agus cuid ar ábhair níos sláintiúla a dhíol ó mheaisíní díola. Aithníonn sí go dtig leis an dá cheann acu sin ioncam a ghinniúint do scoileanna agus go dtig leo sin a dhéanamh ar bhonn

leanúnach fad is go bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin má chuirtear chun cinn é mar pháirt de bheartas bia sa scoil uile. Tá na sosanna níos Sláintiúla agus leabhráin díola níos Sláintiúla ar fáil ag:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20breaks%2009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20breaks%2009_10.pdf)  
(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Healthier\\_breaks\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Healthier_breaks_Irish.pdf)  
(Gaeilge)

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20Vending%2009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20Vending%2009_10.pdf)  
(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Healthier\\_Vending\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Healthier_Vending_Irish.pdf)  
(Gaeilge)

### Clubanna Bricfeasta

43. Tá sé tábhachtach bricfeasta a ithe mar pháirt d'aiste shláintiúil chothromaithe bia. Cuidíonn Clubanna Bricfeasta le leanaí a ullmhú le haghaidh foghlama trí leibhéal dírithe a fheabhsú agus tig leo cur go dearfach le cuspóirí eile scoile, saincheistanna a bhaineann le tinreamh agus poncúlacht mar shampla. Ag aithint seo dóibh, tá maoiniú agus tacaíocht curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí Sláinte agus Oideachais do roinnt Clubanna Bricfeasta i scoileanna. Tá sé d'acmhainn ag clár na Scoileanna Seirbhísí Breise (ES), dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil do leanaí agus do dhaoine óga ó cheantair faoi mhíbhuntáiste cur go mór leis an Straitéis Deich mBliana do Leanáí agus do Dhaoine Óga. Ceann de na torthaí ardleibhéal den Straitéis sin ná 'Bheith Sláintiúil' agus tá áiseanna breise curtha ar fáil ag an chlár ES do scoileanna le freagairt do na sainriachtanais agus mianaidhmeanna a phobail. Áiríonn sé seo clár éagsúil gníomhaíochtaí ar nós clubanna bricfeasta agus tacaíocht staidéir; tá Clubanna Bricfeasta forbartha mar pháirt de fosta. Sa bhliain 2011/12 thacaigh clár na Scoileanna Seirbhísí Breise le beagnach 200 Club Bricfeasta.
44. Tig le Clubanna Bricfeasta cur go dearfach le beartais oideachais agus sláinte araon nuair a chuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad. In 'Bia scoile: an treoir riachtanach' tá cuid faoi chlubanna bricfeasta níos Sláintiúla agus tugtar breac-chuntas ar na buntáistí agus tá plan céim ar chéim agus seicliosta srl. ann. Ba chóir do gach Club Bricfeasta a chinntiú go nglacann siad leis na caighdeáin atá leagtha amach in larscríbhinn 3. Tá an leabhrán Clubanna Bricfeasta níos Sláintiúla ar fáil ag:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20Breakfast%20clubs%2009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20Breakfast%20clubs%2009_10.pdf)  
(Béarla)

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Healthier\\_Breakfast\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Healthier_Breakfast_Irish.pdf)  
(Gaeilge)

## Uisce Óil i Scoileanna

45. Tá sé mar pháirt lárnach de na caighdeáin chothaithe úra go gcaithfidh uisce úr óil, fuaraithe más féidir, bheith ar fáil go héasca gach lá. Tá Boird Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta ag obair le roinnt scoileanna lena ngríosú agus tacú leo uisce a chur ar fáil go héasca do leanaí le linn an lae scoile. Má ghríosáítear leanaí le huisce a ól, mar shampla, trí bhuidéil uisce a chur ar fáil do leanaí agus iad a spreagadh le húsáid a bhaint astu, nó trí theacht a bheith ar uisce fuaraithe, is féidir leis na nithe seo, ní hamháin cur le cothú feabhsaithe, ach cuidiú le tabhairt faoi mheath na bhfiacra agus leibhéil dírithe aire a fheabhsú.
46. Ba chóir go leanfaí de pháistí a spreagadh agus tacú leo uisce a ól nuair atá siad ar scoil mar ghné de thionscnaimh sosanna sláintiúla le tacaíocht ó lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Ba chóir go mbeadh a leithéid de thionscnaimh aontaithe le comhpháirtithe Oideachais agus Sláinte agus ba chóir go mbeidís dírithe ar scoileanna ina bhfuil leibhéil arda riachtanais shóisialta agus/nó drochshláinte bhéil.
47. Caithfidh gach scoil úr na riachtanais<sup>6</sup> ábhartha a chomhlíonadh madir le soláthar uisce óil i scoileanna agus caithfidh siad fosta cloí leis na riachtanais dearaidh atá sna Lámhleabhair Tógála Scoileanna. Ní mheastar go bhfuil scairdeáin uisce sláintiúil ná sábháilte, ach tá fuaraitheoirí uisce úir suite i gceantair chuí inghlactha.
48. Moltar do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí uisce agus iad a fheabhsú agus uisce a chur chun cinn le cuidiú le lear mór buntáistí sláinte agus oideachais a bhaint amach. Má chuirtear uisce ar fáil agus má chuirtear chun cinn é, tig leis dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar an dóigh a ndíríonn daltaí ar a gcuid oibre i rith an lae. In 'Bia scoile: an treoir riachtanach' tá cuid faoi sholáthar Uisce:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Water%20Provision%2009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Water%20Provision%2009_10.pdf)  
(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Water\\_Provision\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Water_Provision_Irish.pdf)  
(Gaeilge)

<sup>6</sup> BREEAM (Building Research Establishment Environmental Assessment Method)  
Education, Health and Wellbeing Section 16

## Bainne i Scoileanna

49. Deir na Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile go gcaithfidh bainne le hól bheith ar fáil mar rogha gach lá.
50. Faoi Shocruithe na Roinne Oideachais maidir le Bainne agus Béilí, cuirtear bainne ar fáil do gach dalta ag scoileanna speisialta, do dhaltá i naíscoileanna agus i mbunscoileanna nach bhfuil teacht acu ar bhéilí scoile agus do dhaltá naíscoile agus bunscoile má shíltear go bhfuil gá leis ar mhaithe lena sláinte.
51. Ina theannta sin, tá bainne ar fáil do scoileanna faoi **Scéim Bainne Scoile an AE** atá ag cur bainne fóirdheontais ar fáil ó Lúnasa 2008 do dhaltá naíscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá an scéim á riar ag an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe. Déanann scoileanna cinneadh maidir le cé acu tá siad ag iarraidh páirt a ghlacadh sa scéim agus téann scoileanna, ar mian leo páirt a ghlacadh inti, i dteagmháil lena BOL áitiúil; ullmhaíonn an BOL éileamh ilchodach do na scoileanna ar fad ina cheantar.
52. Tá leanaí faoi chúig bliana d'aois a bhíonn in ionad cúram lae ar feadh dhá uair ar a laghad in aghaidh an lae i dteideal bainne saor in aisce faoin **Scéim Bia Cúram Lae**. Tá an Scéim á riar ag an Fhoireann Bianna Cúram Lae, Eagraíocht Seirbhísí Gnó (BSO), Pinewood Villa, 73 Bóthar Loch gCál, Ard Mhacha, BT61 7PR thar ceann na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.

## Ag Forbairt Eolais agus Scileanna

### An curaclam

53. Léirigh an taighde agus an comhairliúchán a rinneadh mar chuid de 'Todhchaí Chorpacmhainneach' agus forbairt 'Todhchaí Níos Aclaí do Chách' go soiléir an tábhacht le teachtaireacht chomhsheasmhach a chur in iúl idir fhoghlaim sa tseomra ranga agus ithe sa seomra bia. Cinntíonn an curaclam go bhfaigheann leanaí agus daoine óga go leor deiseanna le heolas agus tuigse a fháil ar chothú agus ar iteachán sláintiúil agus le scileanna a fháil in ullmhú agus i gcócaireacht bia.
54. Déanann an curaclam soláthar d'oideachas i dtaca le cothú agus iteachán sláintiúil mar pháirt lárnach d'Fhorbairt Phearsanta ó Bhonnchéim go hEochairchéim 4. Tá an deis ag daltaí fosta fiosrú an dóigh a bhfásann bia, an dóigh a dtairgtear agus a n-íompraítear é, agus le dul i ngleic le saincheisteanna ar nós forbairt inbhuanaithe

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



tríd an ábhar An Domhan Thart Orainn ag bunleibhéal agus Timpeallacht agus Sochaí (Tíreolaíocht) ag Eochairchéim 3. Cuireann CCEA réimse ábhar treorach agus áiseanna ar fáil le tacú leis na príomhréimsí foghlama seo. Agus an curaclam á theagasc acu, d'fhéadfadh sé gur mhaith le scoileanna úsáid a bhaint as an tacaíocht atá ar fáil ó chomhpháirtithe sláinte agus oideachais a bhfuil réimse clár oideachais ullmhaithe acu ar chothú, go minic mar chuid de chlár shláinte atá níos leithne. Féadann scoileanna comhairle a iarraidh ar CCEA nó ar na BOL lena chinntiú go gcomhlíonann aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith in úsáid acu riachtanais an churaclaim.

55. Lena chois sin, den chéad uair, éilíonn an curaclam go dteagasctar Eacnamaíocht Bhaile do pháistí ag Eochairchéim 3 mar ghné den réimse foghlama Foghlaim don Saol agus don Obair (LLW). Cuimsíonn an t-íosmhéid ábhair reachtúil d'Eacnamaíocht Bhaile riachtanas go gcuireann scoileanna deiseanna ar fáil do dhaoine óga dóigheanna a fhiosrú le haiste shláintiúil bia a fhorbairt agus le scileanna praiticiúla a fhorbairt in úsáid shláinteach, shláintiúil, chruthaitheach bia le réimse béilí a phleanáil, a ullmhú, a chócaireacht agus a dháileadh.
56. Mar thoradh ar na caighdeáin nua bia i scoileanna beidh níos mó deiseanna ann le ceangail a dhéanamh idir beartais bhia taobh istigh de scoileanna agus an curaclam athbhreithnithe. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéanfar nasc éifeachtacha idir an teagasc a bhaineann le cothú, sláinte agus corpoideachas agus na deiseanna eile a chuireann siad ar fáil do dhaoine óga a bheith páirteach i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Tá réimse áiseanna arna ndéanamh ag CCEA ar fáil ar shuíomh Gréasáin Churaclam TÉ [www.nicurriculum.org.uk](http://www.nicurriculum.org.uk). Tá roinnt samplaí díobh siúd san áireamh in larscríbhinn 5.

### Clár ghaolmhara le tacú le forbairt scileanna

57. Bunaíodh Clár Spóirt an Curaclaim sa bhliain 2007/08 agus tá sé mar aidhm aige scileanna litearthachta fisiciúla ár ndaltaí is óige a fhorbairt, féinmhuinín, féinmheas agus inspreagadh daltaí a ardú, agus tacú le stíl shláintiúil mhaireachtála trí rannpháirtíocht leanúnach a spreagadh i ngníomhaíocht choirp. Le linn na scoilbhliana 2011/12, chuir 61 cóitseálaí ón IFA agus ó CLG an clár seo ar fáil i 567 bunscoil; d'fhreastail siad ar níos mó ná 39,000 dalta. Tá an t-aiseolas an-dearfach faoin tairbhe do na daltaí bunscoile is óige i bhforbairt a scileanna fisiceacha litearthachta ar dhóigh thaitneamhach agus i ndéanamh nasc le réimsí eile curaclaim.

58. I measc tionscnamh eile a bhfuil teacht ag scoileanna orthu tá an clár 'Déan é a Chócaráil!' Is clár é 'Déan é a Chócaráil' a theagascann faoi itheachán sláintiúil agus a ligeann do rannpháirtithe a scileanna cócaireachta a fheabhsú. Cumhdaíonn an cúrsa bunphrionsabail an itheacháin sláintiúil, sláinteachas bia sa bhaile agus cócaireacht phraiticiúil. Tá sé fóirsteanach le húsáid le réimse leathan grúpaí agus fad is gur forbraíodh mar chlár bunaithe ar dhaoine fásta, is féidir le scoileanna é a úsáid. Le níos mó eolais a fháil, le do thoil, déan teagmháil le heagraíochtaí áitiúla diaitéiteacha; tá na sonraí teagmhála in larscríbhinn 6.
59. Tugann 'Clubanna Fáis' deis do dhaltáí réimse torthaí agus glasraí a phleanáil, a chur, a ghiollacht agus a bhaint ar scoil agus féadann sé eispéireas úsáideach teagaisc agus foghlama a chur ar fáil do dhaltáí. Tá sé beartaithe go gcuirfear leabhrán breise leis an Treoir Scoile: an treoir riachtanach agus amharcfaidh sé ar chlubanna fáis agus cócaireachta.
60. Tá sé mar aidhm ag an áis Ith Blais agus Fás do Bhlianta 1-7, arna déanamh i gcomhar leis an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, Biaslán agus CCEA feasacht a ardú i measc leanaí maidir le foinsí a gcuid bia, táirgí áitiúla agus an ról a imríonn aiste chothromaithe bia agus saol gníomhach i stíl shláintiúil mhaireachtála. Is áis idirghníomhach atá ann is féidir a úsáid ar chlár bán idirghníomhach nó ar ríomhaire.

[www.safefood.eu/Education/Eat,-Taste-and-Grow.aspx](http://www.safefood.eu/Education/Eat,-Taste-and-Grow.aspx).

61. Thóg an FSA Creat Inniúlachta Bia isteach do dhaoine óga idir 7 agus 16 bliain d'aois. Tá sé mar aidhm ag an chreat seo cuidiú le scoileanna agus le heagraíochtaí pobalbhunaithe an bhonnoiliúint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ionas go ndéanfaidh siad roghanna sláintiúla bia anois agus nuair a bheidh siad ina ndaoine fásta. Taobh istigh de na téamaí cothaithe agus sláinte, feasacht tomhaltóirí cócaireachta (ullmhú agus láimhseáil bia) agus sábháilteachta bia baineann an creat le daoine óga idir 5 bliana agus 16+ bliana d'aois agus cuimsíonn sé ceistanna níos leithne bia.

[www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/food-route-ni/](http://www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/food-route-ni/)



## EILIMINTÍ LÁNROGHNACHA

### Lónta pacáilte agus sosanna

62. Ní cheannaíonn cuid mhór leanaí agus daoine óga a gcuid bia ar scoil ach ina áit sin tugann siad lónta pacáilte nó smailceanna leo chun na scoile. Ní gá dóibh siúd cloí leis na caighdeáin chothaithe. Mar sin féin, caithfidh lónta pacáilte a chuireann an scoil ar fáil cloí leis na caighdeáin.
63. Tá beartais tugtha isteach ag cuid mhór bunscoileanna agus naíonraí, le tacaíocht clár 'Sosanna Sláintiúla' a bhunaigh lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta le leanaí agus daoine óga a ghríosú le roghanna sláintiúla amháin a thabhairt leo chun na scoile.
64. Tá na beartais seo le moladh agus tig leo cur go mór le cothú maith agus le feabhsuithe i sláinte bhéil. Cuireann siad tábhacht thionchar an phiarghrúpa, go háirithe, san áireamh i gcinneadh ar roghanna bia leanaí sa dóigh is gur dóchúla go roghnóidh páistí rogha shláintiúil.
65. Tá sé rithábhachtach, áfach, go mbíonn comhairliúchán éifeachtach ann le tuismitheoirí agus le daltaí áit a bhforbraítear beartais maidir le sosanna sláintiúla/lónta pacáilte; ba chóir a mhíniú cad chuige agus cén dóigh a bhfuil na beartais á dtabhairt isteach sula gcuirfead a leithéid de bheartais i bhfeidhm. Tá treoir maidir le sosanna níos Sláintiúla le fáil in 'Bia scoile: an treoir riachtanach':

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20breaks%202009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Healthier%20breaks%202009_10.pdf)

(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Healthier\\_breaks\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Healthier_breaks_Irish.pdf)

(Gaeilge)

66. Tá clár Sosanna Sláintiúla ann le tamall de bhlianta anois ach tá éagsúlacht iontu maidir leis an réimse sneaiceanna atá ar fáil. Is léir in 'Todhchaí Chorpacmhainneach' agus 'Todhchaí Níos Aclaí do Chách' gur chóir do lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta amach anseo a chinntiú go mbeidh na clár a choimisiúnóidh siad de réir na gcaighdeán nua cothaithe a bhfuil cur síos orthu sa doiciméad seo. Tá an PHA ag obair i gcomhpháirtíocht le seirbhís fiaclóireachta an phobail agus le diaitéitigh le scéim réigiúnach maidir le sosanna sláintiúla a fhorbairt. Bheadh an scéim ag iarraidh ar leanaí torthaí a ithe ar bhonn laethúil mar aon le sneaiceanna agus deochanna sláintiúla eile.



67. Tá treoir forbartha ag an PHA do thuismitheoirí maidir leis an dóigh le lón pacáilte sláintiúil, cothaitheach agus meallacach a ullmhú. Tá an bhileog 'An bhfuil lón sláintiúil á phacáil agat?' curtha ar fáil do gach thuismitheoir a bhfuil leanbh/leanaí aige/aici i mbunscoileanna ó Mheán Fómhair 2010 agus is féidir teacht uirthi ag an nasc seo: [www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish](http://www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish). Tá treoir agus eolas maidir le lóna pacáilte curthe le chéile ag an FSA agus is féidir a theacht air sin ag [www.nidirect.gov.uk/index/information-and-services/health-and-well-being/eat-well/healthy-eating-for-children.htm](http://www.nidirect.gov.uk/index/information-and-services/health-and-well-being/eat-well/healthy-eating-for-children.htm). Cuireann Roghanna NHS 'Bíodh Saol Sláintiúil Agat' eolas ar fáil maidir le lóna pacáilte sláintiúla: [www.nhs.uk/Livewell/childhealth6-15/Pages/Lighterlunchboxes.aspx](http://www.nhs.uk/Livewell/childhealth6-15/Pages/Lighterlunchboxes.aspx).

### Bainistíocht ar am lóin

68. Is léir go dtéann an t-eispéireas itheacháin i bhfeidhm ar an bhia a roghnaíonn daltaí. Má chuirtear feabhas ar eispéireas itheacháin na ndaltaí níl dabht ar bith ach go rachaidh sé chun tairbhe do gach duine; beidh níos mó daltaí ag ithe béilí scoile go háirithe iad siúd atá i dteideal béilí scoile a fháil saor in aisce.
69. Is iomaí tuairim láidir agus dhifirúil maidir leis an dóigh ar chóir am lóin a bhainistiú: fad am lóin, scuainí a úsáid, córais le béilí scoile saor in aisce a riar, cead a thabhairt do dhaltaí suíomh na scoile a fhágáil srl. Mar sin féin, níl aon fhreagra simplí ann agus níl aon réiteach amháin a shásaíonn gach duine. Caithfear cinntí faoin ábhar seo a ghlacadh ag leibhéal na scoile mar sin i gcomhairle le pobal iomlán na scoile.
70. In 'Bia scoile: an treoir riachtanach' tá cuid faoi 'Feabhas a Chur ar an eispéireas itheacháin i scoileanna' a chuideoidh le scoileanna agus iad ag déanamh na gcinntí seo. Tá sí ar fáil ar:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Dining%20Experience%2009\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Dining%20Experience%2009_10.pdf) (Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Improving\\_Dining\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Improving_Dining_Irish.pdf) (Gaeilge)

### Cur chun cinn agus Fógraíocht Bia do Leanaí

71. Tá caighdeáin nua ag rialú fógraíochta agus cur chun cinn bia do leanaí ar an teilifís tugtha isteach ag an Oifig Cumarsáide:

[www.ofcom.org.uk/consult/condocs/foodads\\_new/statement/](http://www.ofcom.org.uk/consult/condocs/foodads_new/statement/).



## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



72. Moltar do scoileanna machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil bianna a bhfuil ardleibhéal geire, salainn nó siúcra iontu curtha chun cinn sa scoil agus beartais a thabhairt isteach a léiríonn an gá le cosc a chur ar chur chun cinn roghanna nach bhfuil chomh sláintiúil sin do leanaí. I measc na réimsí a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu tá: brandáil ar mheaisíní díola, urraíocht imeachtaí/ábhar agus scaipeadh ábhar fógraíochta.
73. Ba chóir do scoileanna aird mar is cuí a thabhairt ar an treoir a d'fhéadfadh an Roinn a eisiúint.


## SUIÓMHANNA LUATHBHLIANTA

74. Tá feidhm ag na caighdeáin i leith béilí scoile agus bianna agus deochanna eile a chuirtear ar fáil i scoileanna i suíomhanna a chuireann soláthar reachtúil náiscolaíochta ar fáil chomh maith agus ní mór na caighdeáin chothaithe sin a chur i bhfeidhm go hiomlán.
75. Mar sin féin, níl feidhm ag na caighdeáin seo i dtaca le soláthar deonach/pobail luathbhlianta mar nach bhfuil aon bhunús reachtúil ann déanamh amhlaidh. Moltar na caighdeáin chothaithe seo do na soláthróirí seo agus ba chóir iad a chur i bhfeidhm má tá siad ag fáil maoinithe ón Roinn Oideachais tríd an Chlár Réamhscolaíochta (PSEP) nó Tús Cinnte.
76. Tá tionscadail agus grúpaí Tús Cinnte a thairgeann áiteanna maoinithe PSEP cláraithe leis na hlontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus déanann siad cigireacht orthu agus, dá thairbhe sin, caithfidh siad cloí le Bunchaighdeáin Chúraim na RSSSSP, a bhfuil caighdeán cothaithe iontu.
77. Ní mór do gach seirbhís feighlíochta leanaí agus gach seirbhís cúram lae do leanaí faoi 12 cloí leis an chaighdeán ar bhianna agus ar dheochanna de réir mar atá leagtha amach sna Caighdeáin Bhunchúraim de chuid na RSSSSP [www.dhsspsni.gov.uk/early\\_years\\_standards\\_-\\_july\\_2012.pdf](http://www.dhsspsni.gov.uk/early_years_standards_-_july_2012.pdf). Tá an caighdeán seo bunaithe ar an treoir atá leagtha amach sa cháipéis "Cúrsaí Cothaithe do na Luathbhlianta". Áiríonn sé seo tionscadail Tús Cinnte agus grúpaí súgartha réamhscoile.

## CUR I BHFEIDHM AN BHEARTAIS BIA I SCOILEANNA

Struchtúir

## CREAT TACAÍOCHTA BEARTAS BIA I SCOILEANNA



# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Ról agus Freagrachtaí

### Ról na Ranna

78. Tá na Ranna freagrach as an bheartas a fhorbairt. Beidh an RO ar thús cadhnaíochta ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais agus, le himeacht aimsire, measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bheartas. Tá maoiniú curtha ar fáil ag na Ranna agus tá siad ag leanúint dá chur ar fáil le cuidiú le cur i bhfeidhm an bheartais.
79. Tá Fóram maidir le Bia i Scoileanna bunaithe ag na Ranna agus déanann an RO cathaoirleach air. Tugann an Fóram ceannaireacht straitéiseach agus treoir faoin bheartas agus go háirithe lena chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do scoileanna i gcur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe, margaíocht agus cur chun cinn an bheartais agus acmhainní a mhapáil/dhíriú. Tá na téarmaí tagartha don Fhóram (agus a thrí fhoghrúpa) ceangailte le hlarscríbhinn 7.
80. Tá post mar Chomhordaitheoir réigiúnach Bia i Scoileanna maoinithe ag na Ranna. Beidh an duine freagrach as treoir a fhorbairt maidir le bia i scoileanna agus as saintacaíocht a chur ar fáil do BOL agus lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta maidir le cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna.
81. Trí chistiú a chur ar fáil do Thodhchaí Chorpacmhainneach agus Todhchaí Níos Aclaí do Chách, lig an RSSSP do lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta réimse gníomhaíochtaí a chur ar fáil a bhaineann le bia agus cothú le tacú leis an bheartas seo.

### Ról na mBOL

82. Tá an tSeirbhís Lónadóireachta Scoile i mBOL freagrach as oiliúint a chur ar fhoireann lónadóireachta, tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'fhoirne lónadóireachta agus do scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna. Ina theannta sin, tá ról acu maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin agus tuairisc ar ais don Roinn trí fhoghrúpa na gCaighdeán Cothaithe den Fhóram maidir le Bia i Scoileanna.
83. Tá oiliúint creidiúnaithe cothaithe faighte ag gach maor lónadóireachta mar chuid de chur i bhfeidhm chlár na gcaighdeán cothaithe. Chomh maith leis sin, déanann gach foireann lónadóireachta VRQ Leibhéal 1 – Seirbhís Béilí Scoile Níos Sláinte a Sholáthar a áiríonn intreoir do chothú agus bealaí le bia scoile a chur chun cinn. Is féidir oiliúint feasachta a chur ar fáil fosta d'fhoireann tacaíochta scoile.

84. Oibríonn na Seirbhísí Lónadóireachta Scoile as lámh a chéile le comhghleacaithe ón lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta atá ábalta tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna ar bhia agus ar shaincheisteanna cothaithe.

### Ról na Scoileanna

85. Ag leibhéal scoile, éilíonn na Rialacháin Pleananna Forbartha Scoile ar scoileanna measúnú a dhéanamh ar a socruithe le sláinte agus leas foirne agus daltaí a chur chun cinn mar chuid de phróiseas pleanála forbartha na scoile.
86. Ba chóir do scoileanna, mar sin de, a ról i gcur i bhfeidhm éifeachtach an Bheartais Bia i Scoileanna a bhreithniú go cúramach mar chuid de phróiseas pleanála forbartha na scoile agus le tosaíochtaí a shainaithint dá scoil. Tá teimpléad samplach do Bheartas scoilbhunaithe Bia i Scoileanna a shonraíonn na réimsí ar gá aghaidh a thabhairt orthu ceangailte le hlarscríbhinn 4. Tá comhairle maidir le beartas bia sa scoil uile a fhorbairt ar fáil ar:

[www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Establishing\\_School\\_Food\\_Policy\\_09\\_10.pdf](http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/Establishing_School_Food_Policy_09_10.pdf)  
(Béarla)

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food\\_in\\_school\\_09/Establishing\\_School\\_Irish.pdf](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/pdfs/food_in_school_09/Establishing_School_Irish.pdf)  
(Gaeilge)

### Ról na dTuismitheoirí

87. Má tá an Beartas Bia i Scoileanna le feidhmiú go héifeachtach, tá sé riachtanach go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas go héifeachtach agus go mbeadh baint acu leis. Nuair a bhí na caighdeáin chothaithe á dtabhairt isteach fuair tuismitheoirí bileog a mhínigh na pleananna le caighdeáin chothaithe i leith béilí scoile a fheabhsú.
88. Tá rannpháirtíocht tuismitheoirí riachtanach maidir le haon cheann de na heilimintí lánroghnacha den bheartas a fhorbairt agus, go háirithe, le tacú le beartais scoile maidir le bia a thugtar chun na scoile m.sh. lóna pacáilte. Tá treoir forbartha ag an PHA do thuismitheoirí maidir leis an dóigh le lón pacáilte sláintiúil, cothaitheach agus meallacach a ullmhú. Tá an bhileog 'An bhfuil lón sláintiúil á phacáil agat?' curtha ar fáil do gach tuismitheoir a bhfuil leanbh/leanaí aige/aici i mbunscoileanna ó Mheán Fómhair 2010 agus is féidir teacht uirthi ag an nasc seo:

[www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish](http://www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish).

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Ról na nDaltaí

89. Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag daltaí lena chinntiú go n-éireoidh leis an bheartas seo. Ba chóir go mbeadh páirt lárnach acu sa phróiseas cinnteoireachta a bhaineann le gach cineál bia ar scoil.
90. Fad is go bhfuil na caighdeáin éigeantach, ba chóir an deis a thabhairt do dhaltaí a mbarúil a thabhairt ar líonta scoile (caighdeán, roghanna, praghsanna agus seirbhís), roghanna sláintiúla sna siopaí soláistí agus sna meaisíní díola, agus an dóigh a dtugtar oideachas dóibh maidir le hitheachán sláintiúil.
91. Ba chóir an deis a thabhairt do dhaltaí ionchur bheith acu maidir le rialacha faoi eilimintí lánroghnacha an bheartais m.sh. líonta pacáilte, fad an tsosa agus fad am lóin agus cé acu an dtig le daltaí áitreabh na scoile a fhágáil ag am lóin.

## Cistiú

92. Infheistíonn an RO tuairim is £40 milliún in aghaidh na bliana faoi láthair le béilí scoile saor in aisce a chur ar fáil dóibh siúd atá i dteideal iad a fháil.
93. Ina theannta sin, le tamall de bhlianta tá an RO ag infheistiú thar £3 mhilliún in aghaidh na bliana go díreach i gcur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe lena chinntiú go bhfuil gach béile scoile agus bia eile a chuirtear ar fáil i scoileanna sláintiúil agus cothaitheach. Cinntíonn an cistiú seo, den chuid is mó, infheistíocht bhreise i gcomhábhair ar ardchaighdeán agus tacaíonn sé leis na nithe seo a leanas fosta:
  - infheistiú sa trealamh nua atá riachtanach le roghanna níos sláintiúla a ullmhú;
  - clár oiliúna don fhoireann lónadóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; agus
  - tacú le plan cumarsáide agus margaíochta le bia sláintiúil, cothaitheach a chur chun cinn i scoileanna.
94. Tá maoiniú á chur ar fáil chomh maith le tacú le tionscadail chothaithe agus sláinte trí Scoileanna Seirbhísí Breise na RO agus trí chlár chothaithe agus shláinte béil arna bhforbairt ag lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta.

95. Tá post mar Chomhordaitheoir réigiúnach Bia i Scoileanna maoinithe ag na Ranna. Beidh an duine freagrach as treoir a fhorbairt maidir le bia i scoileanna agus as saintacaíocht a chur ar fáil do BOL agus lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta maidir le cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna.

## MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

96. Tá an RO freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm foriomlán an bheartais seo agus tá córais bunaithe aige lena chinntiú go bhfaighidh siad eolas caighdeánaithe ar bhonn rialta faoi phríomhtháscairí feidhmíochta ar nós: líon na ndaltaí a ghlacann béilí scoile lena n-áirítear líon na ndaltaí atá i dteideal béilí scoile a fháil saor in aisce.
97. Chuir PHA tús le suirbhé taighde sa bhliain 2008 le heolas a bhailiú faoi dhearcaí agus faoi bhraistintí i dtaca le bia i scoileanna ó réimse grúpaí lena n-áirítear príomhoidí, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí, gobharnóirí agus foirne lónadóireachta. Tá torthaí an taighde fíorúsáideach don Fhóram maidir le Bia i Scoileanna agus é ag iarraidh a phlean gníomhaíochta agus straitéis margaióchta agus fógraíochta a chinneadh. Tá nasc chuig an tuarascáil thíos. [www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-top-marks-summary-report-food-schools-research-northern-ireland](http://www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-top-marks-summary-report-food-schools-research-northern-ireland). Tá an taighde seo á dhéanamh arís le measúnú a dhéanamh ar an chlár maidir le bia i scoileanna agus teoracha a leagan amach d'obair amach anseo.
98. Ó mhí Eanáir 2007 go dtí Márta 2011, tá fianaise faighte ag Comhpháirtithe Cothaithe (NAs) na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna ó chigireachtaí a bhaineann le nádúr, réimse agus caighdeán na mbeartas agus na gcleachtas maidir le hitheachán sláintiúil i scoileanna. Tá dhá thuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe agus na gcur chuige ginearálta le hitheachán sláintiúil a chur chun cinn i scoileanna foilsithe fosta:

[www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2007/progress-made-in-the-implementation-of-catering-for-healthier-lifestyles-and-general-approaches-to-promoting-healthy-eating-in-schools-in-northern-ireland-primary.htm](http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2007/progress-made-in-the-implementation-of-catering-for-healthier-lifestyles-and-general-approaches-to-promoting-healthy-eating-in-schools-in-northern-ireland-primary.htm)

[www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/evaluation-of-the-progress-made-in-the-implementation-of-the-food-based-nutritional-standards-school-food-top-marks-primary.htm](http://www.etini.gov.uk/index/surveys-evaluations/surveys-evaluations-primary/surveys-evaluations-primary-2010/evaluation-of-the-progress-made-in-the-implementation-of-the-food-based-nutritional-standards-school-food-top-marks-primary.htm)

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



99. Tá na torthaí sna Tuarascálacha seo mar bhunús d'obair leanúnach ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe agus na gcur chuige ginearálta le hitheachán sláintiúil a chur chun cinn i scoileanna.
100. Tuairiscíonn Seirbhís Lónadóireachta Scoile sna BOL ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí le beartais agus cuireann sé Roinn ar an eolas trí fhoghrúpa na gCaighdeán Cothaithe den Fóram maidir le Bia i Scoileanna.
101. Tá an RO ag déanamh suirbhé bonnlíne ar gach scoil dheontaschúnta. Tá sé beartaithe go ndéanfar an suirbhé arís ar bhonn rialta (thar roinnt blianta) le dul chun cinn a thomhas maidir leis an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an chur chuige seo sa scoil uile maidir le bia i scoileanna.

### AN BEALACH CHUN TOSAIGH


102. Tá sé spreagúil go léiríonn na torthaí is déanaí a d'fhoilsigh ETI maidir leis an dóigh a bhfuiltear ag cloí le beartais go bhfuil formhór na scoileanna ag léiriú go bhfuil dul chun cinn maith nó an-mhaith déanta i gcur chun cinn na gcaighdeán bia-bhunaithe agus cothaithe agus na gcur chuige ginearálta le hitheachán sláintiúil a chur chun cinn. Tá mionlach ag déanamh dul chun cinn den chéad scoth. Fad is go bhfuil an chuid is mó de scoileanna ag déanamh dul chun cinn den chéad scoth nó an-mhaith i dtreo gnéithe de na caighdeáin chothaithe bhia-bhunaithe a bhaint amach, tá roinnt réimsí tábhachtacha ann go fóill ó thaobh phleanáil na mbiachlár agus níl na caighdeáin seo á mbaint amach agus tá na BOL agus údarais eile scoile ag tabhairt aghaidh orthu de réir mar is gá.
103. Tá an Fóram maidir le Bia i Scoileanna freagrach as a chinntiú go bhfuil tacaíocht ann do scoileanna agus as comhairle a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna, lena n-áirítear acmhainní agus struchtúir tacaíochta le luach ar airgead a chinntiú agus le húsáid acmhainní teoranta a uasmhéadú.
104. Tá an Fóram freagrach as straitéis margaiochta agus fógraíochta a aontú a thacóidh le scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí agus le tógáil béilí scoile a spreagadh, go háirithe béilí scoile saor in aisce.
105. Baineann an Beartas Bia i Scoileanna le roghanna sláintiúla bia a chur chun cinn i measc ár leanaí agus ár ndaoine óga agus iad ar scoil; tá sé mar aidhm aige fosta stíl shláintiúil mhaireachtála a spreagadh taobh amuigh den scoil. Sa deireadh thiar

thall baineann sé le torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach agus torthaí sláinte níos fearr do dhaonra na scoile sa lá atá inniu ann agus do na glúine atá ag teacht. Creideann na Ranna gur sprioc fhiúntach é sin.



## An pláta 'dea-bhia a ithe'

Bain úsáid as an bpláta 'dea-bhia a ithe' chun cabhrú leat an cóimheá ceart a bhaint amach. Taispeánann sé cé mhéid ar chóir duit a ithe as gach grúpa bia.



©Atáirgtear ábhar cóipchirt na Corónach le cead ón Rialtóir ar Oifig Stáiseanóireachta na Banríona agus ó Chlódoir na Banríona d'Albain

*\*\* Mar eolas amháin –  
bhí na caighdeáin seo faoi réir ag comhairliúchán ar leith  
agus tá siad i bhfeidhm faoi láthair.\*\**

## CAIGHDEÁIN CHOTHAITHE DO LÓNTA SCOILE

Le sonraí breise a fháil, féach an Treoir maidir le Cur i bhFeidhm ag an nasc thíos

[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation)

Lúnasa 2008



## CAIGHDEÁIN CHOTHAITHE DO LÓNTA SCOILE

Biaghrúpa	Caighdeáin
<p><b>Grúpa 1:</b></p> <p>Arán, rís, prátaí, pasta agus bianna stáirse eile m.sh. núdail agus gránaigh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Caithfidh sciar nó sciartha bia ón ghrúpa seo a bheith i ngach seirbhís lóin.</li> <li>○ Caithfear rís agus pasta a thairgeadh ar a laghad uair amháin sa tseachtain. Ar bhiachlár aon rogha, caithfear rís nó pasta a dháileadh ar a laghad uair amháin sa tseachtain.</li> <li>○ Ba chóir go mbeadh arán ar fáil ar bhonn laethúil i ngach scoil.</li> <li>○ Féach fosta riachtanais eile i leith bianna friochta – féach Grúpa 5a.</li> </ul>
<p><b>Nótaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Is gnách le bianna stáirse a bheith neamhchostasach agus tugann siad fuinneamh, snáithín, vitimíní agus mianraí.</li> <li>○ Trí rís agus pasta a thairgeadh tá éagsúlacht á cur ar fáil. Spreagann sé páistí le bianna a thriail nach mbeadh deis acu a thriail sa bhaile, b'fhéidir.</li> <li>○ Is foinse sláintiúil carbaihiodráití é arán.</li> <li>○ Tá beagnach gach cineál aráin inghlactha: bán, donn, caiscín, cruithneachta, gráin, arán bán agus rollóga bána le neart snáithín, béigil, arán piota, seapáití déanta gan geir.</li> <li>○ Ba chóir arán a chur ar fáil gan leathán, a ba chóir a bheith ar fáil go héasca.</li> <li>○ Is le cois, agus ní in áit a bhfuil ag dul leis an phríomhbhéile atá an t-arán agus ba chóir dó a bheith ag bun an ionaid freastail.</li> </ul>	

Biaghrúpa	Caighdeáin
<p>Grúpa 2:</p> <p>Torthaí agus glasraí.</p> <p>Cuimsíonn an grúpa seo cineálacha úra, reoite, stánaithe agus triomaithe agus súnna torthaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Níor chóir go mbeadh níos lú ná dhá sciar torthaí agus glasraí ar fáil do gach leanbh ag am lóin.</li> <li>○ Díobh seo, ba chóir gur glasraí nó sailéad sciar amháin ar a laghad agus gur torthaí (úr, stánaithe i sú, sailéad torthaí, sú torthaí nó torthaí triomaithe) sciar amháin ar a laghad.</li> <li>○ Caithfidh sciar amháin torthaí a bheith i ngach dáileadh píoga, mionbhruar agus miasa eile ilchodacha torthaí.</li> <li>○ Caithfidh ar a laghad leathsciar glasraí a bheith i ngach dáileadh píoga, casaról, stobhach agus miasa eile ilchodacha príomhchúrsa, le cois dáileadh ar leith glasraí nó sailéid.</li> <li>○ I naíonraí agus i mbunscoileanna, caithfear milseog thoradhbhunaithe mar thorthaí stánaithe i sú nádúrtha, sailéid torthaí, mionbhruar torthaí, torthánach nó pióg torthaí a thairgeadh ar a laghad trí huaire sa tseachtain.</li> <li>○ Caithfear gan pónairí bÁCáilte a dháileadh mar ghlasra i mbunscoil níos minice ná uair amháin sa tseachtain. Is éigean nach pónairí bÁCáilte an aon rogha amháin glasraí ar aon lá amháin in iar-bhunscoil.</li> <li>○ Más iad pónairí nó piseánach an chuid phróitéineach de príomhchúrsa, caithfidh glasra eile a bheith ar fáil.</li> </ul>
<p><b>Nótaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Tugann torthaí agus glasraí vitimíní, mianraí agus snáithín. Moltar go n-ithimid cúig sciar nó níos mó torthaí agus glasraí sa lá. Tá eolas ar mhéid na sciartha sa tábla seo a leanas.</li> <li>○ Ní áirítear spaigití stánaithe in anlann trátaí mar ghlasra.</li> <li>○ Neamhionann is bunús na nglasraí, níl aon vitimín C i bPónairí bÁCáilte.</li> <li>○ Tugann dáileadh glasra neamhphiseánach ar leith le roghanna piseánach-bhunaithe veigeatóracha éagsúlacht do veigeatóirí agus cinntíonn sé go gcuirtear meascán cothaitheach ar fáil.</li> </ul>	

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



### Cad is sciar ann?

Do dhaoine fásta, is é 80g sciar torthaí nó glasraí, ach níl aon mholtaí ann i leith leanaí. Go praiticiúil, molaimid gur treoir mhaith leathsciar duine fásta (40g) do dhaltaí naíonra agus sciar duine fásta (80g) do dhaltaí bunscoile/lar-bhunscoile. Sa tábla thíos, tá samplaí den dóigh a n-aistrítear na sciartha seo go dáiltí cistine.

	Naíonra	Bunscoil/lar-bhunscoil
	Sciar amháin	Sciar amháin
Glasraí cócaráilte	1-2 spúnóg bhoird (spbh)	2-3 spúnóg bhoird (spbh)
Glasraí sailéid	½ babhla milseoige	1 babhla milseoige
Torthaí úra	½ -1 toradh	1 toradh
Sailéad torthaí, torthaí stánaithe i sú	1-2 spúnóg bhoird (spbh)	2-3 spúnóg bhoird (spbh)
Sú torthaí	150ml	150ml
Torthaí triomaithe	½ -1 spúnóg bhoird	1-2 spúnóg bhoird (spbh)

Biachlár	Caighdeán
<p><b>Grúpa 3:</b></p> <p>Bainne agus bianna déiríochta.</p> <p>Cuimsíonn an grúpa seo bainne, cáis, iógart agus maróga bainne.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Caithfidh sciar nó sciartha bia ón ghrúpa seo a bheith i ngach seirbhís lóin.</li> <li>○ Lena chois sin, caithfidh bainne óil a bheith ar fáil mar rogha gach lá.</li> <li>○ Caithfear gan cáis a dháileadh mar an t-aon rogha veigeatórach níos minice ná dha uair sa tseachtain.</li> <li>○ Is féidir úsáid a bhaint as cáis mar bharrán níos minice ná sin.</li> </ul>
<p><b>Nótaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Is foinsí sármhaithe roinnt cothaitheach, lena n-áirítear cailciam, atá tábhachtach d'fhorbairt mhaith chnámhe, próitéin agus vitimíní, bainne agus táirgí bainne.</li> <li>○ Is rogha mhaith dí an bainne, nádúrtha nó blaitithe. Tá a oiread céanna cailciam i mbainne leathbhearrtha agus atá i mbainne gan bhearradh agus is é an rogha roghnaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna é. Níl bainne beartha fóirsteanach do pháistí faoi chúig bliana d'aois.</li> <li>○ Tugann roghanna eile in áit cáise éagsúlacht do veigeatóirí. I measc roghanna eile a mholtar, tá pónairí, piseánach agus lintilí.</li> <li>○ Má dháiltear sciar cáise mar an príomhairteagal próitéine, áirítear fosta é mar sciar bia ó Ghrúpa 4.</li> <li>○ Ní chuimsítear uibheacha, im agus uachtar reoite sa ghrúpa seo. Cuimsítear uibheacha i nGrúpa 4, áirítear im mar gheir agus cuimsítear uachtar reoite i nGrúpa 5b.</li> </ul>	

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



Biachlár	Caighdeáin
<p><b>Grúpa 4:</b></p> <p>Feoil, iasc, uibheacha, pónairí agus foinsí eile neamh-dhéiríochta próitéine.</p> <p>Cuimsíonn an grúpa seo mairteoil, muiceoil, uaineoil, circeoil, iasc, uibheacha, piseánach m.sh. piseanna, pónairí, lintilí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Caithfidh sciar nó sciartha bia ón ghrúpa seo a bheith i ngach seirbhís lóin.</li> <li>○ Caithfear béilí ar feoil dhearg cuid díobh a dháileadh: <ul style="list-style-type: none"> <li>☑ dhá uair sa tseachtain ar a laghad agus trí huaire sa tseachtain ar a mhéad i naíonraí agus i mbunscoileanna; agus</li> <li>☑ trí huaire sa tseachtain ar a laghad agus ceithre huaire sa tseachtain ar a mhéad in iar-bhunscoileanna.</li> </ul> </li> <li>○ Ba chóir go mbeadh iasc ar fáil uair amháin sa tseachtain ar a laghad i mbunscoileanna agus dhá uair sa tseachtain ar a laghad in iar-bhunscoileanna.</li> <li>○ Ba chóir go mbeadh iasc olúil ar fáil uair amháin gach ceithre seachtaine ar a laghad.</li> </ul>
<p><b>Nótaí</b></p> <p><i>Tagraíonn 'uaireanta sa tseachtain' do dheis seirbhíse i.e. seirbhís bhricfeasta, seirbhís sosa nó seirbhís lóin. Mar shampla, má chuireann iar-bhunscoil seirbhís bhricfeasta, sosa agus lóin ar fáil, thar an tseachtain scoile tugann seo 15 deis seirbhíse ag a gceadófar feoil dhearg ceithre huaire ar a mhéad.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cuimsíonn feoil dhearg mairteoil, muiceoil agus uaineoil agus béilí a dhéantar astu.</li> <li>○ Ní áirítear ispíní mar fheoil dhearg ach mar tháirge feola. Ní áirítear burgair mar tháirge feola muna bhfuil ar a laghad 95% de mhionfheoil thrua iontu agus ansin áireofar mar fheoil dhearg iad. Áirítear miasa ilchodacha atá déanta as mionfheoil a bhfuil níos lú ná 95% d'fheoil thrua inti mar tháirge feola. Féach Grúpa 5b le tuilleadh eolais a fháil ar tháirgí feola.</li> <li>○ Ar laethanta nuair atá feoil dhearg á dáileadh ag an lón, is féidir le níos mó ná rogha amháin a bheith ann nó ní roghnóidh daltaí ach rogha amháin.</li> <li>○ Is foinse maith iarainn í feoil dhearg.</li> </ul>	

- Is príomhfhoinsé próitéine iad feoil, iasc agus roghanna eile mar uibheacha, pónairí agus piseánach.
- Tá éagsúlacht i dtairgeadh éisc agus tairgeann sé bianna do leanaí arbh fhéidir nach mbeadh deis acu á fhéacháil diomaithe de sin. Chuimseodh seo líonta ceapairí agus baguettes mar thuinnín agus bhradán.
- Is iasc olúil iasc a bhfuil aigéid sailleacha óimige 3 iontu atá ina gcuidiú ag sláinte an chroí. Cuimsíonn seo bradáin, sairdíní, pilséir, murlais agus scadáin úra, stánaithe nó reoite agus tuinnín úr nó reoite.
- Ní áirítear tuinnín mar iasc olúil ach nuair atá sé úr nó reoite nó baintear na haigéid sailleacha le linn an phróiseas cannaithé. Ina dhiaidh sin, is féidir tuinnín stánaithe a áireamh mar cheann de na sciartha neamholúla éisc.
- Sna seachtainí nuair a chuirtear iasc olúil ar fáil comhlíonann sin an caighdeán i leith éisc don tseachtain sin i mbunscoileanna agus cuirfear san áireamh é i leith an chaighdeáin iar-bhunscoile.





Biachlár	Caighdeáin
<p><b>Grúpa 5a:</b></p> <p>Bianna friochta agus bianna eile a bhfuil leibhéal ard geire iontu.</p> <p>Cuimsíonn an grúpa seo saillí agus olaí cócaireachta, anlainn olúla sailéid, maonáis, uachtar sailéid, brioscáin phrátaí, uachtar, taosrán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Níl sé ceadaithe bianna domhainfhriochta na táirgí eile a bhfuil leibhéal ard geire iontu, mar sceallóga, phrátaí rósta, phrátaí eile friochta, arán gairleoige nó roghanna béile ina bhfuil taosrán, m.sh. quiche, toirtín úll, vol-au-vent a dháileadh ach dhá uair sa tseachtain ar a mhéad.</li> <li>○ Lena chois sin, is féidir filléad éisc i ngrabhróga aráin a dháileadh uair amháin sa tseachtain.</li> <li>○ Tá sé ceadaithe táirgí feola nó sicín (mar bhurgair, ispíní, chnaipíní sicín srl) a dháileadh uair amháin sa tseachtain ar a mhéad i mbunscoileanna agus dhá uair sa tseachtain ar a mhéad in iar-bhunscoileanna.</li> <li>○ Le rogha a thabhairt do dhaltaí ar na laethanta nuair nach bhfuil táirgí feola nó sicín ar fáil, ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag scoileanna 50% roghanna béilí sláintiúla a bheith acu agus ba chóir iad a chur i láthair agus a mhargáil ar dhóigh iomaíoch le roghanna eile béilí. Ní bhaineann an caighdeán seo le biachláir aon rogha.</li> <li>○ Ba chóir go mbeadh ar a laghad 2 lá sa tseachtain nach mbíonn aon táirgí feola ná sicín, bianna friochta, bianna a chócaráiltear i bhfuidreamh nó i ngrabhróga aráin ná bianna ina bhfuil taosrán, mar shampla, iasc i ngrabhróga aráin, sceallóga, ispíní, vol-au-vents, quiche, toirtín úll srl. ar fáil. Is é an fáth atá leis seo le páistí a ghríosú le réimse níos mó bianna a fhéacháil ina réim bia agus eispéiris nua bhlais a fhiosrú.</li> <li>○ Nuair a dháiltear bia stáirse le leibhéal ard geire m.sh. sceallóga nó arán gairleoige, caithfidh rogha eile gan geir bhreise a bheith ar fáil.</li> <li>○ Caithfidh milseoga beagmhéathrais a bheith ar fáil ar laethanta nuair a thairgtear bianna domhain-fhriochta agus bianna eile le leibhéal ard geire.</li> <li>○ Níor chóir go mbeadh smailcíní neamh-mhílse ar fáil diomaithe de chnónna agus síolta gan aon salann ná siúcra breise. Tá sé ceadaithe brioscóga neamh-mhílse nó cipíní aráin a thairgeadh ar an choinníoll go ndáiltear iad le torthaí nó glasraí nó bia déiríochta.</li> </ul>

### Nótaí

*Tagraíonn 'uireanta sa tseachtain' do dheis seirbhíse i.e. seirbhís bhricfeasta, seirbhís sosa nó seirbhís lóin.*

Mar shampla, má chuireann bunscoil seirbhís sosa agus lóin ar fáil, thar an tseachtain scoile tugann seo 10 ndeis seirbhíse. Ciallaíonn seo nach féidir bianna domhainfhríocta nó bianna le leibhéal ard geire a dháileadh ach dhá uair agus tá teorainn dhá uair fosta ar tháirgí feola agus sicín thar na 10 ndeis seirbhíse.

- Áiríonn 'bia domhainfhríocta nó bia eile a bhfuil ardleibhéal saille ann':
  - ☑ aon bhia atá domhainfhríocta, cibé acu sa chistin nó sa phróiseas monaraithe, gan fiú bianna mearfhríocta nó bianna a scuabtar nó a spréitear le hola, m.sh. prátaí rósta, sceallóga, sceallóga oighinn, vaiféil phrátaí, múnláin phrátaí;
  - ☑ táirgí brataithe, faoi fhuaidreamh agus aránaithe réamhullmhaithe, m.sh. cnaipíní sicín, iasc friocta, méara éisc, fáinní oinniúin faoi fhuaidreamh agus taoschnónna.
- Is táirgí monaraithe ceannaithe isteach táirgí feola agus sicín a próiseáladh ar dhóigh éigin agus i gcoitinne atá réidh le cócaráil/téamh.
- Ar laethanta nuair atá táirgí feola nó sicín á ndáileadh ag an lón, is féidir le níos mó ná rogha amháin a bheith ann, nó ní roghnóidh daltaí ach rogha amháin.
- Ní áireofar greamanna nádúrtha feola nó sicín atá dipeáilte in uibh, brataithe le grabhróga baile gan aon gheir nó ola bhreise agus bÁCáilte tirim mar tháirge feola nó sicín.
- Cuidíonn teorainn ar roghanna friocta agus roghanna eile a bhfuil leibhéal ard geire iontu le hábhar iomlán geire lónta a theorannú.
- Cuidíonn tairgeadh roghanna neamhfhríocta nuair atá roghanna friocta nó roghanna a bhfuil leibhéal ard geire iontu lena chinntiú go gcuirtear éagsúlacht bianna eile stáirse ar fáil.
- Le hábhar geire lónta a theorannú ná tairg barraíocht bianna ón ghrúpa seo a bhfuil geir bhreise iontu, m.sh. barráin taosráin ar pháoga nó cumhdach faoi fhuaidreamh ar iasc.
- Caithfidh táirgí feola:
  - ☑ Cloí leis na leibhéil dlíthiúla íosábhar feola atá leagtha amach i Rialacháin Táirgí Feola (TÉ) 2004 mar atá leasaithe nó tugtha chun dáta ó am go céile. Caithfidh táirgí nach gcumhdaíonn na híosriachtanais dhlíthiúla seo cloí leis na leibhéil dhlíthiúla íosábhar feola atá leagtha síos do bhurgair;



- Gan a bheith ina "mburgair bhairinne" mar atá curtha síos orthu sna Rialacháin Táirgí Feola (TÉ) 2004;
- Gan aon ábhar ón liosta scairtí coiscthe a bheith iontu.
- Teorannaíonn tairgeadh milseoga a bhfuil níos lú geire iontu ar laethanta nuair atá bianna a bhfuil leibhéal ard geire iontu á dtairgeadh, ábhar geire lóntha. Ba chóir go mbeadh 10% geire nó níos lú sa mhias iomlán i milseoga ísealgheire. Cuimsíonn samplaí de mhilseoga ísealgheire:
  - torthaí úra, stofa nó stánaithe (i sú torthaí) nó sailéad torthaí, leis féin nó le hiógart ísealgheire nó le fromage frais;
  - úlla bacailte le custard;
  - iógart ísealgheire nó fromage frais;
  - maróga bhainne, m.sh. custard, seimilín, maróg ríse, taipióca – dailte le torthaí;
  - mionbhruar torthaí le custard;
  - ciste spúinse torthaí déanta le huibh/spúinse gan geir m.sh. maróg Eves le custard;
  - brioscán torthaí (barrán grabhróga arán) le custard;
  - toránach déanta le custard/fromage frais/iógart;
  - glóthach agus torthaí;
  - uachtar reoite agus torthaí;
  - glóthach, uachtar agus torthaí;
  - prapmhilseog le torthaí;
  - maróg aráin agus ime le custard;
  - flan torthaí (spúinse uibhe/gan geir) le torthaí úra nó stánaithe agus fromage frais;
  - briosca caiscín/mine calógaí, 1/2 sciar torthaí agus bainne leathbhearrtha le hól;
  - muifín agus sú oráiste (diomaite de mhuífín sliseanna seacláide).
- NB Tá sé riachtanach go mbíonn na teaglamaí milseoige mar a léirítear anseo má táthar lena meas mar roghanna ísealgheire, nó is é ábhar geire FORIOMLÁN an airteagail bhiachláir a úsáideadh lena n-oiriúnacht a shocrú.
- Bí eolach ar ailléirgí cnónna. Fágfar ag scoileanna aonair a shocrú cé acu cuirfidh siad cnónna ar fáil nó nach gcuirfidh.
- Cuimhnigh go n-áirítear uachtar úr nó uachtar aithrise mar bhia ardgeire agus nár chóir a n-úsáid i milseoga ísealgheire ná mar bharráin.

Biachlár	Caighdeán
<p>Grúpa 5b: Milseogra agus Bia eile Milse: Siúcra, Taosrán Milis, Seacláid, Milseáin, Deochanna Boga Milsithe, Maróga, Cistí, Brioscaí, Subh, Glóthach, Uachtar Reoite.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>○ Níor chóir go mbeadh milseogra, seacláid ná táirgí brataithe le seacláid ar fáil le linn am lóin.</li> <li>• Ní féidir cistí agus brioscaí a chur ar fáil ach ag am lóin agus mar chuid de bhéile.</li> <li>• Níor chóir go mbeadh cistí, brioscaí agus maróga atá déanta le púdar cócó ar fáil ach dhá lá sa tseachtain ar a mhéad.</li> <li>• Ba chóir go n-úsáidfí a laghad is féidir de bharráin ardghaire agus/nó ardsiúcra mar mhaisiúchán, mar shampla uachtar, uachtar ime, siúcra reoáin agus níor chóir iad a úsáid ach amháin nuair atá sé riachtanach, mar shampla le torthaí a chur ar bharr ciste spúinse. Má úsáidtear iad, ba chóir go mbeadh milseog neamhmhaisithe nó níos sláintiúla ar fáil fosta.</li> </ul>
<p><b>Nótaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cuimsíonn milseogra: <ul style="list-style-type: none"> <li>☑ Seacláid agus táirgí seacláide, mar shampla: Barraí seacláide bainne, pléineáilte nó bán; calóga seacláide, buttons nó uibheacha líonta le seacláid.</li> <li>☑ Barraí brataithe le seacláid.</li> <li>☑ Brioscaí ina bhfuil seacláid nó atá brataithe le seacláid (lena n-áirítear iad sin a bhfuil cith seacláide orthu, brioscaí atá brataithe i bpáirt nó go hiomlán le seacláid mar bhrioscaí caiscíneacha seacláide, brioscóga caramail cumdaithe le seacláid, méara seacláide, brioscaí sliseanna seacláide).</li> <li>☑ Milseáin, mar shampla: milseáin bhruite, chognacha, ghuma, liocras, mhiontais agus milseáin eile; lena chois sin, séirbéad, faoiste, leamhacháin, taifí agus guma coganta; cuimsíonn seo milseáin agus guma coganta gan siúcra.</li> <li>☑ Barraí cognacha gránaigh, barraí briosca gránaigh, barraí ciste gránaigh, barraí torthaí próiseáilte.</li> <li>☑ Torthaí úra nó triomaithe a siúcraíodh nó a cumhdaíodh le brat iógairt nó seacláide.</li> <li>☑ Oighear seacláide agus uachtar reoite eile brataithe le seacláid.</li> </ul> </li> </ul> <p>NB Ní chuimsíonn seo púdar cócó a úsáidtear i gcistí, i maróga, i mbrioscaí ná i ndeochanna ísealchalra nó deochanna teaglana déanta le coibhéisí iógairt nó déiríochta.</p>	



## RIACHTANAIS EILE

### Deochanna

Níor chóir go mbeadh de dheochanna ar fáil ach:

- uisce nádúrtha (gan súilíní nó súilíneach)
  - bainne
  - súnna neamh-mhilsithe torthaí nó glasraí
  - deochanna iógairt nó bainne (le níos lú ná 5% siúcra breise)
  - deochanna ar teaglaim iad díobh seo thuas (m.sh. caoineoga)
  - seacláid the ísealchalra
  - tae
  - caife
- } níl na deochanna seo fóirsteanach d'earnáil na náiscolaíochta

Caithfidh ar a laghad 50% den bhainne, den iógart nó den sú torthaí a bheith i ndeochanna teaglaima, de réir mar is cuí.

Ní cheadaítear milseoirí bréige ach i ndeochanna teaglaima.

Sainmhínítear seacláid the ísealchalra mar 20Kcal/100ml.

Caithfear uisce óil, i.e. uisce buacaire a chur ar fáil in aisce gach lá.

### Salann agus Tarsainn

Níor chóir go mbeadh salann tábla ar fáil i naíonraí ná i mbunscoileanna. Níor chóir go mbeadh salann tábla ar fáil i naíonraí ná i mbunscoileanna. Níor chóir go mbeadh sé le feiceáil sa seomra bia in iar-bhunscoileanna ach tá sé ceadaithe é a chur ar fáil ón chuntar seirbhíse ar iarratas.

Níor chóir tarsainn (citseap trátaí, anlann donn, uachtar sailéid, anlainn ghoinbhlasta srl.) a chur ar fáil ach ón chuntar seirbhíse agus ba chóir dóibh a bheith faoi rialú fhoireann na cistine.

## SCOILEANNA SPEISIALTA

Ba chóir do bhéilí a chuirtear ar fail i scoileanna speisialta cloí leis na caighdeáin atá liostaithe do bhunscoileanna. Ina dhiaidh sin, ba chóir do mhéid na sciartha a bheith de réir aois an dalta.

Ba chóir a nótáil fosta go bhfuil aiste speisialta bia de dhíth ar dhaltaí i scoileanna speisialta agus go mbíonn éiseal ag roinnt daltaí le bia áirithe m.sh. iad siúd a bhfuil uathachas orthu, nó ní itheann siad ach bianna áirithe. Ba chóir, mar sin de, na hoiriúintí cuí a dhéanamh sa tseirbhís bhéilí. Ba chóir go mbeadh bileog réim bia, ullmhaithe ag Diaiteiteach Cláraithe, le comhaontú dhochtúir, thuismitheoir agus phríomhoide an pháiste, ar fáil do na leanaí atá i gceist.



### CAIGHDEÁIN CHOTHAITHE I LEITH BIANNA AGUS DEOCHANNA EILE I SCOILEANNA <sup>7</sup>

Baineann na caighdeáin seo a leanas le bia a dhíoltar nó a dháiltear i scoileanna trí mheaisíní díola, shiopaí sólaistí, chlubanna bricfeasta, chlubanna i ndiaidh am scoile agus ag amanna sosa agus ba chóir iad a léamh in éineacht le caighdeáin bhia-bhunaithe lóin:

- (i) níor chóir aon mhilseogra a dhíol i scoileanna;
- (ii) níor chóir aon smailceanna neamh-mhilse diomaithe de chnónna\* agus shíolta (gan salann nó siúcra breise) a dhíol i scoileanna;
- (iii) ba chóir go mbeadh éagsúlacht torthaí agus glasraí ar fáil i gach asraon bia scoile. D'fhéadfadh seo táirgí úra, triomaithe\*\*, reoite, stánaithe agus súnna a chuimsiú;
- (iv) caithfidh teacht éasca a bheith ag leanaí agus ag daoine óga i gcónaí ar uisce úr, fuaraithe de rogha, in aisce i scoileanna ionas nach gcaithfidh leanaí a bheith ag brath ar dhul go dtí an leithreas le huisce a fháil;
- (v) níor chóir go mbeadh aon deoch ar fáil ach uisce buidéalaithe (gan súilíní nó súilíneach), bainne, súnna neamh-mhilsithe torthaí nó glasraí, deochanna iógairt agus bainne (le níos lú ná 5% siúcra breise) nó deochanna déanta de theaghlaim díobh seo, m.sh. caoineoga, seacláid the ísealchalra, tae agus caife. Ní cheadaítear milseoirí bréige ach i ndeochanna teaglaim. Caithfidh ar a laghad 50% den bhainne, den iógart nó den sú torthaí a bheith i ndeochanna teaglaim, de réir mar is cuí. Sainmhínítear seacláid the ísealchalra mar 20 calra do 100 millilítear.

\* Bí eolach ar ailléirgí cnónna. Fágfar ag scoileanna aonair a shocrú cé acu cuirfidh siad cnónna ar fáil nó nach gcuirfidh.

\*\* Tá comhchruinniú níos airde siúcraí i dtorthaí triomaithe. I dtéarmaí sláinte déadaí, mar sin de, ní dhearctar air mar smailcín fóirsteanach idir béilí. Mar chuid de bhéile is fearr a ghlacadh.

Le breis eolais ar na caighdeáin seo a fháil, le do thoil ceadaiigh na Caighdeáin Chothaithe do bhianna eile a chuirtear ar fáil i scoileanna (larscríbhinn 3).

<sup>7</sup> Tá an Roinn Oideachais ag obair i dtreo leasaithe ar reachtaíocht reatha lena chinntiú go mbeidh na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach i ngach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn moltar gur chóir do gach scoil dheontaschúnta féachaint le cloí leis na Caighdeáin Chothaithe do Bhia agus do Dheochanna Eile i Scoileanna ar aon dul leis an chur chuige "sa scoil uile" a dtacaíonn an beartas seo leis.

*\*\*Mar eolas amháin –  
bhí na caighdeáin seo faoi réir ag comhairliúchán ar leith  
agus tá siad i bhfeidhm faoi láthair.\*\**

## CAIGHDEÁIN CHOHTHAITHE I LEITH BIANNA AGUS DEOCHANNA EILE I SCOILEANNA

Le sonraí breise a fháil, féach an Treoir maidir le Cur i bhFeidhm ag an nasc thíos<sup>8</sup>.

[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation)

Aibreán 2008

---

<sup>8</sup> Tá an Roinn Oideachais ag obair i dtreo leasaithe ar reachtaíocht reatha lena chinntiú go mbeidh na Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna éigeantach i ngach scoil dheontaschúnta. Idir an dá linn moltar gur chóir do gach scoil dheontaschúnta féachaint le cloí leis na Caighdeáin Chothaithe do Bhia agus do Dheochanna Eile i Scoileanna ar aon dul leis an chur chuige "sa scoil uile" a dtacaíonn an beartas seo leis.



# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Caighdeán 1

### Níor chóir aon mhilseogra a dhíol i scoileanna

Cuimsíonn milseogra:

- Seacláid agus táirgí seacláide, mar shampla, barraí de sheacláid bhainne, nádúrtha nó bhan, calóga, cnaipí seacláide nó uibheacha líonta seacláide.
- Torthaí úra nó triomaithe atá siúcraithe nó brataithe le iógart nó le seacláid.
- Barraí brataithe le seacláid.
- Uachtar reoite (seachas ag am lóin mar chuid de bhéile).
- Oighir sheacláide agus uachtar reoite eile brataithe le seacláid.
- Brioscaí brataithe le seacláid nó faoi bhlaistiú.
- Milseáin, mar shampla, milseáin bhruite, chognacha, ghuma, liocras agus mhiontais. Lena chois sin, séirbéad, faoiste, leamhacháin, taifí agus guma coganta. Cuimsíonn seo milseáin agus guma coganta gan siúcra.
- Barraí cognacha gránaigh, barraí briosca gránaigh, barraí ciste gránaigh agus barraí torthaí próiseáilte.

## Caighdeán 2

### Cistí agus brioscaí ar bith

Caithfear gan cistí agus brioscaí a chur ar fáil (seachas ag am lóin agus mar chuid de bhéile).

Cuimsíonn cistí:

- Táirgí monaraithe, ceannaithe isteach agus bÁCáilí baile tráidire, cistí, brioscaí agus borróga déanta i gcistin na scoile.
- Cistí spúinse, ciste Maidéarach, rollóg shuibhe, ciste torthaí, builín banana, ciste úll, ciste cairéid, gateaux agus muifíní Meiriceánacha.

- Cistí milse, mar shampla, croissants, borróga Danmhargacha, toirtíní suibhe agus pióga mionra.

Cuimsíonn briosaí:

- Gach cineál atá milis, m.sh. briosaí tae, briosaí caiscíneacha, briosaí sinséir, flapjacks, brioscarán agus brioscóga.

Is féidir brioscóga neamh-mhilse a chur ar fáil ach caithfear iad a dháileadh le torthaí nó glasraí nó bia déiríochta, mar shampla, cáis.

### Caighdeán 3

**Níor chóir aon smailcín neamh-mhilis diomaite de chnónna\* agus shíolta (gan salann ná siúcra breise) a dhíol.**

**\*Bí eolach ar ailléirgí cnónna. Fágfar ag scoileanna aonair a shocrú cé acu cuirfidh siad cnónna ar fáil nó nach gcuirfidh.**

Cuimsíonn smailcíní neamh-mhilse:

- Brioscáin nó táirgí 'ar nós brioscán', m.sh. smailcíní práta, coirce agus gránaigh.
- Cnónna, síolta, torthaí nó glasraí le salann, siúcra nó geir bhreise, m.sh. cnónna saille, cnónna rósta le mil agus torthaí brataithe le siúcra, seacláid nó iógart.

### Caighdeán 4

**Ba chóir go mbeadh éagsúlacht torthaí agus glasraí ar fáil i gach asraon bia scoile. D'fhéadfadh seo táirgí úra, reoite, stánaithe, triomaithe\* agus súnna a chuimsiú.**

I measc torthaí agus glasraí tá:

- Gach cineál torthaí agus glasraí úra.
- Saillead torthaí úra.

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla

- Torthaí stánaithe i sú nádúrtha.
- Sú torthaí neamh-mhilsithe (100% sú torthaí).
- Pónairí bÁCáilte.
- Glasraí sailéid.
- Cipíní glasraí.

\* Cuimhnigh go bhfuil comhchruinniú níos airde siúcraí i dtorthaí triomaithe. I dtéarmaí sláinte fiacla, mar sin de, ní smailcín fóirsteanach idir béilí é. Mar chuid de bhéile is fearr a ghlacadh, mar shampla, don bhricfeasta.

### Caighdeán 5

Caithfidh teacht éasca a bheith ag leanaí agus ag daoine óga i gcónaí ar uisce úr, fuaraithe de rogha, in aisce i scoileanna agus níor chóir go mbeadh siad ag brath ar dhul go dtí an leithreas le uisce a fháil.

### Caighdeán 6

Níor chóir go mbeadh de dheochanna ar fáil ach:

- uisce nádúrtha (gan súilíní nó súilíneach)
- bainne
- súnna neamh-mhilsithe torthaí nó glasraí
- deochanna iógairt nó bainne (le níos lú ná 5% siúcra breise)
- deochanna ar teaglamaí iad díobh seo thuas (m.sh. caoineoga)
- seacláid the ísealchalra
- tae
- caife

níl na deochanna seo fóirsteanach d'earnáil na náisc

Caithfidh ar a laghad 50% den bhainne, den iógart nó den sú torthaí a bheith i ndeochanna teaglama, de réir mar is cuí.

Ní cheadaítear milseoirí bréige ach i ndeochanna teaglana.

Sainmhínítear seacláid the iséalchalra mar 20Kcal/100ml.

## Caighdeán 7

Caithfear an caighdeán seo a chur i bhfeidhm i dtrí pháirt

- ☑ Tá teorainn ar bhianna a bhfuil leibhéal ard geire iontu agus ar bhianna domhainfhríochna thar an lá iomlán scoile agus níor chóir iad a thairgeadh níos minice ná dhá uair sa tseachtain san iomlán.
- ☑ Tá teorainn ar tháirgí feola nó sicín thar an lá iomlán scoile agus níor chóir iad a thairgeadh ach uair amháin sa tseachtain ar a mhéad i mbunscoileanna agus dhá uair sa tseachtain ar a mhéad in iar-bhunscoileanna.
- ☑ Ba chóir go mbeadh ar a laghad 2 lá gach seachtain gan aon bhianna fhríochna, gan aon bhianna a bhfuil leibhéal ard geire iontu agus gan táirgí feola nó sicín.

I measc bianna a bhfuil leibhéal ard geire iontu agus bianna domhainfhríochna tá:

- ☑ Aon bhia atá domhainfhríochna, cibé acu sa chistin nó sa phróiseas monaraithe, gan fiú bianna mearfhríochna nó bianna atá scuabtha nó spréite le hola.
- ☑ Sceallóga, prátaí rósta, prátaí fhríochna eile, sceallóg oighinn, vaiféil phrátaí agus múnlaín phrátaí.
- ☑ Arán gairleoige.
- ☑ Miasa taosráin m.sh. quiche, píoga feola, píoga torthaí agus vol-au-vents.
- ☑ Táirgí éisc fhríochna.

Cuimsíonn táirgí feola agus sicín:

- ☑ Burgair.

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



- ☑ Ispíní, feoil ispíní agus táirgí ispíní.
- ☑ Aon táirge feola atá múnlaíthe nó brataithe m.sh. cnaipíní sicín, scalóipí agus goujons.

Táthar ag súil go ndáilfear bianna atá cumhdaithe faoin chaighdeán seo go príomha ag am lóin. Má tá siad le dáileadh ag amanna eile, áfach, m.sh. am bricfeasta nó sosa caithfear an caighdeán a chur i bhfeidhm thar an tseachtain iomlán scoile. Le tuilleadh treorach a fháil féach Grúpa 5a de na Caighdeáin Chothaithe i leith Lónta Scoile.

### Caighdeán 8

Caithfear roghanna bia nó béilí ina bhfuil feoil dhearg a dháileadh dhá uair sa tseachtain ar a laghad agus trí huair sa tseachtain ar a mhéad i naíonraí agus i mbunscoileanna agus trí huair sa tseachtain ar a laghad agus ceithre huair sa tseachtain ar a mhéad in iar-bhunscoileanna. Tá an caighdeán seo i bhfeidhm thar an tseachtain iomlán scoile.

- ☑ Cuimsíonn feoil dhearg mairteoil, muiceoil agus uaineoil agus béilí a dhéantar astu.
- ☑ Níl teorainn ar fheoil dhearg i gceapairí ná i bpaníní faoin chaighdeán seo. Áirítear bagún mar fheoil dhearg agus níor chóir a dháileadh ach mar chuid de phríomhbhéile, mar shampla bricfeasta nó lón. Caithfidh bagún cloí leis an chaighdeán i leith feoil dhearg. Is mar gheall ar an leibhéal ard geire agus salainn atá ann atá seo amhlaidh.

## BEARTAS EISEAMLÁIREACH BIA I SCOILEANNA DO SCOILEANNA AONAIR

Úsáid an beartas samplach seo, nó déan mionathrú air le freastal ar do chuid aidhmeanna féin.

Ainm na scoile: \_\_\_\_\_

Dáta feidhmithe an bheartais: \_\_\_\_\_

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: \_\_\_\_\_

Tacaíonn an scoil seo le hitheachán agus ól sláintiúil ar fud an lae scoile.

Cuireadh an doiciméad beartais seo le chéile i gcomhairle le pobal iomlán na scoile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, foireann scoile, gobharnóirí, ionadaithe bord oideachais agus leabharlann, diaitéiteach pobail agus altraí áitiúla scoile.

### Aidhm

Lena chinntiú go bhfuil gach gné de bhia agus de chothú i scoil ag cur chun cinn sláinte agus folláine daltaí, foirne agus cuairteoirí chuig ár scoil.

### Cuspóirí

Seo a leanas na cuspóirí atá againn:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an churaclam fhoirmiúil lena chinntiú go bhfuil eolas maidir le bia agus cothú i réimsí éagsúla ceachtanna comhsheasmhach agus cothrom le dáta.

## Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



- Oibriú le lónadóir na scoile le triail a bhaint as club bricfeasta níos sláintiúla, ag dáileadh réimse rudaí.
- Seachtain bia i scoileanna le teachtaireachtaí a chur chun cinn maidir le hitheachán agus ól sláintiúil.
- A chinntiú go bhfuil bunoiúint maidir le sláinteachas bia ag múinteoirí atá ag glacadh freagrachta le bia sa seomra ranga.

### Gníomh

Bainfidimid ár gcuspóirí amach trí na céimeanna seo a leanas:

- Plé ag comhairle scoile. Foghrúpa nó SNAG a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe.
- Curaclam foirmiúil: grúpa oibre a bhunú le hiniúchadh a dhéanamh ar thopaicí bia-bhunaithe trasna réimsí ginearálta foghlama.
- Club bricfeasta níos sláintiúla: ag obair le lónadóir scoile ar bhiachlár roghanna bricfeasta ar chostas réasúnta. Club a phoibliú i nuachtlitir na scoile, mar aon le fógraíocht ar phóstaeir sna dorchaí.
- Seachtain bia: seisiúin bhlaiste torthaí agus glasraí. Comórtas a bhaineann le bia a reáchtáil.
- Naisc a chruthú le himeachtaí náisiúnta a chuireann an tsláinte chun cinn, ar nós Seachtain Miongháire, Feasacht Ailse Domhanda srl.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach: an múinteoir atá i gceannas ar bhia a chur ar chúrsa aon lá amháin maidir le sláinteachas bia.

### Monatóireacht agus Measúnú

Déanfaimid monatóireacht agus measúnú trí na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- SNAG: tuairisc ar dhul chun cinn a thabhairt do chomhairle na scoile agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil i bhfianaise feabhsaithe agus athruithe.

- ☑ Curaclam foirmiúil: múinteoirí ábalta topaicí bia-bhunaithe a shainithint trí scéimeanna oibre.
- ☑ Club bricfeasta níos sláintiúla: lónadóir scoile ag tuairisciú líon na ndaltaí a úsáideann an tseirbhís. Ceist a chur ar dhaltaí, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí maidir leis na smaointe atá acu faoin chlub agus an réimse bia a chuirtear ar fáil.
- ☑ Seachtain bia: seisiún bhlaiste torthaí agus glasraí. Príomhoide ag bronnadh teastas nó duaiseanna i dtionól na scoile. Grianghraif a chur ar taispeáint nuair a thagann tuismitheoirí isteach chun na scoile.
- ☑ Imeachtaí seach-churaclaim: leabhar oideas a chur le chéile, tuairiscí agus grianghraif ar shuíomh Gréasáin na scoile.

[www.publichealthagency.org/sites/default/files/Establishing\\_School\\_Food\\_Policy\\_09\\_10.pdf](http://www.publichealthagency.org/sites/default/files/Establishing_School_Food_Policy_09_10.pdf)



## NAISC CHUIG ACMHAINNÍ DO SCOILEANNA

### Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile - Measúnú ar an Chlár Phiólótach “Ag Freastal ar Chaighdeáin Stileanna Maireachtála Níos Sláintiúla”

Tá measúnú sa tuairisc seo ar an chlár phiólótach a reáchtáladh ó Mhárta 2004 go dtí Márta 2005 le scrúdú a dhéanamh ar thabhairt isteach na cgaighdeán cothaithe i 100 scoil.

[www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/5-schools\\_meals/nutritional-standards/nutritional-standards-further-background-page.htm](http://www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/5-schools_meals/nutritional-standards/nutritional-standards-further-background-page.htm)

### Caighdeáin chothaithe do lóna scoile: Treoir maidir le cur i bhfeidhm

Sonraíonn an foilseachán seo na caighdeáin chothaithe do lóna scoile ar gá do gach scoil dheontaschúnta cloí leo. Mar aon le míniú cad chuige ar tugadh na caighdeáin chothaithe isteach, tairgeann sé comhairle phraiticiúil maidir leis an dóigh le hiad a chur i bhfeidhm.

[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches-guide-implementation)

### Caighdeáin Chothaithe i leith Bianna agus Deochanna Eile i Scoileanna: Treoir maidir le cur i bhfeidhm

Sonraíonn an foilseachán seo na caighdeáin chothaithe i leith bianna agus deochanna eile i scoileanna ar gá do gach scoil dheontaschúnta cloí leo. Míníonn sé cad chuige ar tugadh na caighdeáin chothaithe isteach, tairgeann sé comhairle phraiticiúil maidir leis an dóigh le hiad a chur i bhfeidhm.

[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-other-food-and-drinks-schools-guide-implementation)

## Caighdeáin Chothaithe do Lóna Scoile: Póstaer

Taispeánann an póstaer seo na caighdeáin chothaithe do lóna scoile ar gá do gach scoil dheontaschúnta cloí leo.

[www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches](http://www.publichealth.hscni.net/publications/nutritional-standards-school-lunches)

## 'Bia scoile: an treoir riachtanach'

Tá sraith leabhrán treorach praiticiúil san áis seo agus tá sé mar aidhm acu cuidiú le scoileanna feabhas a chur ar chothú na ndaltaí agus cleachtais níos sláintiúla itheacháin agus óil a chur i bhfeidhm. Cuireann na leabhráin comhairle agus tacaíocht ar fáil sna príomhréimsí ina dtéann saincheistanna bia, deochanna agus cothaithe i bhfeidhm ar scoileanna. Tacaíonn mionchás-staideir leis an chomhairle a thugtar agus, de réir mar is cuí, cuireann na leabhráin sonraí ar fáil maidir le hacmhainní breise molta.

[www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide](http://www.publichealth.hscni.net/publications/school-food-essential-guide)

## Cothú sna Luathbhlianta

Cuireann an cháipéis seo treoir ar fáil do sholáthróirí oideachais sna luathbhlianta agus feiglithe leanaí maidir le soláthar bia do leanaí faoi 5 bliana d'aois.

[www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/numatters05.htm](http://www.healthpromotionagency.org.uk/Resources/nutrition/numatters05.htm)

## Lóna Pacáilte Sláintiúla, Cothaitheacha agus Meallacacha

Tá treoir forbartha ag an PHA do thuismitheoirí maidir leis an dóigh le lón pacáilte sláintiúil, cothaitheach agus meallacach a chruthú. Tá an bhileog 'An bhfuil lón sláintiúil á phacáil agat?' ar fáil do gach thuismitheoir a bhfuil leanbh/leanaí aige/aice i mbunscoileanna ó Mheán Fómhair 2010. Tá treoir agus eolas curtha le chéile ag an FSA fosta maidir le lóna pacáilte. Cuireann Roghanna NHS 'Bíodh Saol Sláintiúil Agat' eolas ar fáil ar lóna pacáilte sláintiúla fosta.

[www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish](http://www.publichealth.hscni.net/publications/are-you-packing-healthy-lunch-english-and-irish)

[www.nidirect.gov.uk/index/information-and-services/health-and-well-being/eat-well/healthy-eating-for-children.htm](http://www.nidirect.gov.uk/index/information-and-services/health-and-well-being/eat-well/healthy-eating-for-children.htm)

[www.nhs.uk/Livewell/childhealth6-15/Pages/Lighterlunchboxes.aspx](http://www.nhs.uk/Livewell/childhealth6-15/Pages/Lighterlunchboxes.aspx)

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Sonraíochtaí Cothaitheacha na Gníomhaireachta Caighdeán Bia

Spríoc-sonraíochtaí cothaitheacha arna bhforbairt ag an Gníomhaireacht Caighdeán Bia do réimse bianna próiseáilte atá in úsáid i mbéilí scoile.

[www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/nut-specs/](http://www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/nut-specs/)

## Inniúlachtaí Bia de chuid na Gníomhaireachta Caighdeán Bia do Dhaoine Óga

Creat inniúlachtaí bia arna fhorbairt ag an Gníomhaireacht Caighdeán Bia le cuidiú le scoileanna agus eagraíochtaí pobalbhunaithe leis an bhunús a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga le roghanna sláintiúla bia a dhéanamh anois agus nuair a bheidh siad ina ndaoine fásta.

[www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/food-route-ni/](http://www.food.gov.uk/northern-ireland/nutritionni/niyoungpeople/food-route-ni/)

## Caighdeán OFCOM maidir le Fógraíocht Teilifíse ar Tháirgí Bia agus Dí do Leanaí

Caighdeán a rialaíonn fógraíocht agus cur chun cinn an bhia ar an teilifís do leanaí?

[www.ofcom.org.uk/consult/condocs/foodads\\_new/statement/](http://www.ofcom.org.uk/consult/condocs/foodads_new/statement/)

## Lontaobhas Bia na Leanaí

Tá roinnt áiseanna úsáideacha le fáil ar shuíomh Gréasáin Lontaobhas Bia na Leanaí agus iad dírithe ar chaighdeán an bhia a fheabhsú i scoileanna.

[www.childrensfoodtrust.org.uk/](http://www.childrensfoodtrust.org.uk/)

## Ith, Blais agus Fás

Tá an áis seo do Bhlianta 1-7, curtha le chéile i gcomhar leis an Gníomhaireacht Sláinte Poiblí, Biaslán agus CCEA, agus tá sé mar aidhm aici feachtas a ardú i measc leanaí maidir le cá as a dtagann a gcuid bia, toradh áitiúil agus an ról a imríonn aiste chothromaithe bia agus saol aclaí i stíl shláintiúil mhaireachtála. Áis idirghníomhach atá ann is féidir a úsáid ar chlár bán idirghníomhach nó ar ríomhaire. Fuair gach bunscoil agus scoil speisialta cóip i Meán Fómhair 2011 ach tá sí ar fáil fosta ón nasc [www.safefood.eu/Education/Eat,-Taste-and-Grow.aspx](http://www.safefood.eu/Education/Eat,-Taste-and-Grow.aspx).

## Áiseanna Curaclaim

### Bunleibhéal

#### **Ag maireachtáil. Ag foghlaim. Le chéile.**

Tá sé mar aidhm ag an áis seo do Bhlianta 1 go 7 tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i dtaca le pleanáil, múineadh agus measúnú PD&MU (Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint) laistigh den Churaclam. Clúdaíonn sí roinnt mhaith gnéithe d'itheachán sláintiúil, mar shampla blaiseadh bia agus uigeachtaí, an tábhacht a bhaineann le haiste shláintiúil chothromaithe bia, ag fás do chuid glasraí féin; cur chuige fiontraíochta ag úsáid Scéal CCEA ('Scéal Fiontraíochta'), catagóirí bia, pláta cothromaithe, siopaí sólaistí/sosanna sláintiúla, promóisin sa scoil uile agus ag déanamh roghanna agus cinntí sláintiúla.

#### **Aonaid Théamacha STEM (ETIM) Feirmeoireacht**

Tá an áis seo dírithe ar Eochairchéim 2 agus tá sí curtha le chéile i gcomhar le feirmeacha agus cuideachtaí áitiúla. Áiríonn sí gníomhaíochtaí maidir leis an dóigh a dtáirgtear, a bpróiseáiltear agus a n-íompraítear bia mar aon leis an dóigh a gcoinnítear úr é.

### Leibhéal na hiar-bhunscolaíochta

#### **Eochairchéim 3 Ag Foghlaim don Saol agus don Obair – Gníomhaíocht Chomhtháite: Mílte Bia**

Tá an áis seo mar pháirt d'aonad comhoibríoch le haghaidh KS3 LLW. Tá sé mar aidhm ag an ghníomhaíocht seo daltaí a chur ar an eolas faoin choincheap 'mílte bia', cá as a dtagann an bia a ithimid, na himpleachtaí ar an timpeallacht agus ar an gheilleagar agus na hidirghabhálaithe ar fad atá rannpháirteach sa phróiseas a bhaineann leis a bhia sin a thabhairt go dtí tuaisceart na hÉireann.

### Sainriachtanais Oideachais

#### **Aonaid Théamacha**

Chruthaigh foireann sainmhúinteoirí na haonaid seo do leanaí a bhfuil deacrachtaí troma agus meánacha acu. Tá treoir i ngach aonad agus tá réimse áiseanna agus gníomhaíochta idirghníomhacha le daoine óga a spreagadh le saincheisteanna a fhiosrú a chuideoidh leo freastal ar na dúshláin a bhaineann le maireachtáil mar dhuine fásta neamhspleách, itheachán sláintiúil san áireamh.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

### Eagraíochtaí Reachtúla

#### Comhordaitheoir Réigiúnach Bia i Scoileanna

Tá post mar Chomhordaitheoir réigiúnach Bia i Scoileanna maoinithe ag na Ranna. Beidh an duine freagrach as treoir a fhorbairt maidir le bia i scoileanna agus as saintacaíocht a chur ar fáil do BOL agus lucht Sláinte agus Cúraim Shóisialta maidir le cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna.

F/ch. Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste

40 Sráid an Acadaimh

BÉAL FEIRSTE BT1 2NQ

Guthán: 028 90564074

Ríomhphost: [Judith.Harvey@belb.co.uk](mailto:Judith.Harvey@belb.co.uk)

#### An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí

Cuireann an PHA eolas agus áiseanna ar fáil le tacú leo siúd a oibríonn sna réimsí: cur chun cinn na sláinte agus sláinte poiblí, mar aon le baill leasmhara an phobail.

Aonad Shráid Linenhall

12-22 Sráid Linenhall

BÉAL FEIRSTE BT2

Guthán: 028 9032 1313

[www.publichealth.hscni.net](http://www.publichealth.hscni.net)

#### Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia

Cuireann an FSA comhairle ar fáil maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia, aiste bia agus cothú mar aon le réimse leathan áiseanna a sholáthar.

10 A-C Bóthar Clarendon

BÉAL FEIRSTE

BT1 3BG

Guthán: 028 9041 7700

[www.food.gov.uk/northern-ireland/](http://www.food.gov.uk/northern-ireland/)

[www.nidirect.gov.uk/eatwell](http://www.nidirect.gov.uk/eatwell)

## Biaslán

Is bord uile-oileáin um chur chun cinn na sábháilteachta bia é, arna bhunú faoi théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta. Soláthraíonn Biaslán áiseanna maidir le cothú agus saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia; díríonn sé ar na nithe seo a leanas: boscaí lóin, sárghianna, lipéadú bia agus sláinteachas bia.

Ceanncheathrú Chorcaí  
7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir  
An tOileán Beag  
Co. Chorcaí

Deasc Chabhrach Thuaisceart Éireann: 0800 085 1683  
[www.safefood.eu](http://www.safefood.eu)

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Bainisteoirí Lónadóireachta na mBord Oideachais agus Leabharlann

Tá na Boird Oideachais agus Leabharlann freagrach as feidhmiú sheirbhís lónadóireachta na scoile ó lá go lá san earnáil rialaithe agus san earnáil faoi chothabháil stáit agus as tacaíocht agus comhairle ghairmiúil a chur ar fáil do scoileanna deonacha gramadaí scoileanna comhtháite faoi chothabháil stáit de réir mar is cuí.

Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste

40 Sráid an Acadaimh

BÉAL FEIRSTE

BT1 2NQ

Guthán: 028 90564183 (Bainisteoir Lónadóireachta)

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

3 Plás Charlemont

ARD MHACHA

BT61 9AX

Guthánl: 028 37512565 (Bainisteoir Lónadóireachta)

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt

Lárionad Bhord Aontroma

17 Bóthar an Locha

AONTROIM

BT41 4DH

Guthán: 028 94482242 (Bainisteoir Lónadóireachta)

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair

1 Bóthar an Ospidéil

AN ÓMAIGH

BT79 0AW

Guthán: 028 82411452 (Bainisteoir Lónadóireachta)

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt

Bóthar Grahamsbridge

Dún Dónaill

BÉAL FEIRSTE

BT16 2HS

Guthán: 028 90566432 (Bainisteoir Aonad Seirbhísí)

## LárSheirbhísí Acmhainní um Chur Chun Cinn na Sláinte

Feidhmíonn na hiontaobhais sláinte agus cúraim shláinte seirbhísí maidir le cur chun cinn na sláinte do ghairmithe agus do bhaill an phobail, mar aon le seirbhísí leabharlainne do ghairmithe a oibríonn i réimse na sláinte agus i gcur chun cinn na sláinte.

Cuireann na seirbhísí comhairle agus áiseanna ar fáil maidir le cur chun cinn na sláinte sna príomhréimsí ar nós: tobac, cothú, drugaí, alcól, gníomhaíocht choirp agus sláinte ghnéis. Áiríonn siad soláthar tuarascálacha, leabhar, fístéipeanna, CD-ROMs agus pacáí acmhainní, ar féidir iad a fháil ar cíós.

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste

Seirbhís Cumarsáide, Acmhainní agus Eolais

Foirgneamh Dorothy Gardiner

Páirc Cúraim Shláinte Chnoc Bhreacáin Guthán: 028 9056 3770

Bóthar Thamhnaigh Naomh Facs: 028 9056 3766

BÉAL FEIRSTE BT8 8BH

Ríomhphost: [maureen.stephen@belfasttrust.hscni.net](mailto:maureen.stephen@belfasttrust.hscni.net)

Ba chóir teagmháil a dhéanamh le hiontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste fosta le haghaidh foilseachán i limistéar iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt.

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Tuaiscirt

Feabhsú Sláinte

Teach Spruce

Bóthar Bhun Abhann Dalla Guthán: 028 2563 5575

AN BAILE MEÁNACH BT43 6HL Ríomhphost: [health.promotion2@northerntrust.hscni.net](mailto:health.promotion2@northerntrust.hscni.net)

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt

An Fhoireann um Chur Chun Cinn na Folláine

Ospidéal Naomh Lúcas

71 Bóthar Loch gCál Guthán: 028 3741 2887

ARD MHACHA BT61 7NQ Ríomhphost: [Janis.Faloon@southerntrust.hscni.net](mailto:Janis.Faloon@southerntrust.hscni.net)

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Iarthair

An Rannóg um Chur Chun na Sláinte

Ionad Acmhainní agus Grafaicí

An Mol (The Hub)

12c Páirc na Gráinsí Guthán: 028 7186 5127

DOIRE BT47 6WJ Ríomhphost: [patricia.concannon@westerntrust.hscni.net](mailto:patricia.concannon@westerntrust.hscni.net)



# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Diaitéitigh Phobail

Is iomaí roinn diaitéitice a chuireann réimse acmhainní agus tionscnamh ar fáil le hitheachán sláintiúil a chur chun cinn i scoileanna. Déan teagmháil le ranna aonair, le do thoil, le breis eolais a fháil.

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste,  
Seirbhís Cothaithe agus Diaitéitice  
Foirgnimh Riaracháin  
Ospidéal Faiche Forster  
Bóthar Thamhnaigh Naomh  
BÉAL FEIRSTE BT8 4HD

Guthán: 028 9063 1790

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt  
Seirbhís Cothaithe agus Diaitéitice  
Foirgneamh LARC  
Ospidéal Ghleann an Lagáin (Lagan Valley)  
LIOS NA GCEARRBHACH BT38 1JP

Guthán: 028 9041 1792

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Tuaiscirt  
Teach an Chabhsa  
Route Complex  
8E Bóthar Chúil Raithin  
BAILE MONAIDH BT53 6BP

Guthán: 028 27661377

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Iarthair  
Ceann Foirne Diaitéitice don Phobal  
Ionad Sláinte Sheantalaimh  
Bóthar an Ráschúrsa  
DOIRE BT48 8NL

Guthán: 028 71355014

Lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt  
An Rannóg Cothaithe agus Diaitéitice  
Ospidéal Daisy Hill  
5 Bóthar an Ospidéal  
IÚR CINN TRÁ BT35 8DR

Guthán: (028) 3083 5000

## Comhairlí Cathrach, Buirge agus Ceantair

Tig le comhairlí áitiúla, a gcuid rannóg sláinte chomhshaoil go háirithe, eolas agus comhairle a chur ar fáil duit maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le sláinte san ionad oibre. Tá liosta iomlán na gcomhairlí agus sonraí teagmhála le fail ag [www.nidirect.gov.uk](http://www.nidirect.gov.uk).

Comhairle Buirge Aontroma	Guthán: 028 9446 3113
Comhairle Buirge Bhaile Nua na hArda	Guthán: 028 9182 4000
Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha	Guthán: 028 3752 9600
Comhairle Buirge an Bhaile Mheánaigh	Guthán: 028 2566 0300
Comhairle Buirge Bhaile Monaidh	Guthán: 028 2766 0200
Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna	Guthán: 028 4066 0600
Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	Guthán: 0800 707 6965
Comhairle Buirge Charraig Fhearghais	Guthán: 028 9335 1604/5
Comhairle Buirge an Chaisleáin Riabhaigh	Guthán: 028 9049 4500
Comhairle Buirge Chúil Raithin	Guthán: 028 7034 7034
Comhairle Ceantair na Coirre Críochaí	Guthán: 028 8676 2205
Comhairle Buirge Craigavon	Guthán: 028 3831 2400
Comhairle Cathrach Dhoire	Guthán: 028 7136 5151
Comhairle Ceantair an Dúin	Guthán: 028 4461 0800
Comhairle Buirge Dhún Geanainn agus Dheisceart Thír Eoghain	Guthán: 028 8772 0300
Comhairle Ceantair Fhear Manach	Guthán: 028 6632 5050
Comhairle Buirge Latharna	Guthán: 028 2827 2313
Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh	Guthán: 028 7772 2226
Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach	Guthán: 028 9250 9250
Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta	Guthán: 028 7939 7979
Comhairle Ceantair na Maoile	Guthán: 028 2076 2225
Comhairle an Iúir agus Mhúrn	Guthán: 028 3031 3031
Comhairle Buirge Bhaile na Mainistreach	Guthán: 028 9034 0160
Comhairle Buirge an Dúin Thuaidh	Guthán: 028 9127 0371
Comhairle Ceantair na hÓmaí	Guthán: 028 8224 5321
Comhairle Ceantair an tSraitha Báin	Guthán: 028 7138 2204

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Eagraíochtaí Deonacha agus Eagraíochtaí atá Cistithe ag Lucht Tionsclaíochta

Gníomhaíocht in aghaidh na hAilse

(Action Cancer)

Páirc Marlborough

BÉAL FEIRSTE BT9 6XS

Guthán: 028 9080 3344

Ríomhphost: [info@actioncancer.org](mailto:info@actioncancer.org)

An Gréasán: [www.actioncancer.org](http://www.actioncancer.org)

Tairgeann Gníomhaíocht in aghaidh na hAilse (Action Cancer) clár um chur chun cinn na sláinte do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon. I mbunscoileanna cuirtear cainteanna ar fail trí dhráma puipéad darb ainm Wally agus Wise. Ardaíonn sé saincheisteanna maidir le gníomhaíocht choirp, feasacht ar an ghrian agus na contúirtí a bhaineann le tobac a chaitheamh. Seachadtar an Clár Gníomhaíochta Sláinte in iar-bhunscoileanna, ag soláthar cúig sheisiún ar thobac, alcól, itheachán sláintiúil agus aclaíocht a áiríonn dhá sheisiún phraiticiúla aclaíochta de charda-dornalaíocht agus rince-aclaíocht.

British Heart Foundation Thuaisceart Éireann

Admail 3987

BÉAL FEIRSTE

BT1 1TG

Guthán: 0845 130 8663

Líne orduithe foilseachán: 0870 600 6566

An Gréasán: [www.bhf.org.uk](http://www.bhf.org.uk)

Soláthraíonn sé réimse acmhainní agus naisc churaclaim maidir le stíl shláintiúil mhaireachtála.

British Nutrition Foundation

High Holborn House

52-54 High Holborn

LONDAIN WC1V 6RQ

Guthán: 020 7404 6504

Ríomhphost: [postbox@nutrition.org.uk](mailto:postbox@nutrition.org.uk)

An Gréasán: [www.nutrition.org.uk](http://www.nutrition.org.uk)

[www.foodafactoflife.org.uk](http://www.foodafactoflife.org.uk)

Cuireann an British Nutrition Foundation réimse acmhainní ar fáil do scoileanna maidir le hitheachán sláintiúil.

Comhairle Déiríochta Thuaisceart Éireann

Teach Shaftesbury

Páirc Ghnó Ché Uisce an Droichid

Bóthar Ché Uisce an Droichid

BÉAL FEIRSTE

BT3 9JQ

Guthán: 028 9077 0113

An Gréasán: [www.dairycouncil.co.uk](http://www.dairycouncil.co.uk)

Cuireann an Chomhairle Déiríochta bileoga eolais, acmhainní agus CD Roms le húsáid sa seomra ranga agus i gcomhar le CCEA eagraíonn sí an Duais, Cócaire Óg na Bliana. Cuireann sé cur i láthair 'Bia agus Aclaíocht' ar fáil fosta mar aon le hacmhainní le haghaidh Eochairchéim 1 agus 2.

Coimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann

Teach Lissue

31 Bóthar Ballinderry

LIOS NA GCEARRBHACH BT28 2SL

Guthán: 028 9263 3000

An Gréasán: [www.lmcni.com](http://www.lmcni.com)

Tairgeann an LMC taispeántais chócaireachta mairteola agus uaineola in iar-bhunscoileanna ar fud Thuaisceart Éireann. Cuireadh suíomh Gréasáin le chéile i gcomhar le múinteoirí eacnamaíochta baile le díriú ar dhaltaí Eochairchéim 3 agus 4 i dtaca le cothú ar feadh an tsaoil. Féach [www.food4life.org.uk](http://www.food4life.org.uk).

Cumann Thuaisceart Éireann um an Chliabhrach, an Chroí agus Stróc

21 Bóthar Bhaile Átha Cliath

BÉAL FEIRSTE

BT2 7HB

Guthán: 028 9032 0184

An Gréasán: [www.nichsa.com](http://www.nichsa.com)

Cuireann NICHs réimse bileog, bileog eolais agus tionscnamh ar fáil a chuireann galarchosc chun cinn. Lena chois sin déanann sé iarracht an fhulaingt a bhaineann le galair (Cliabhrach, Croí agus Stróc) a mhaolú. Áiríonn sé seo clár sláinte do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna.

Uisce Thuaisceart Éireann

Teach Northland

3 Sráid Frederick

BÉAL FEIRSTE BT1 2ND

Guthán: 028 9035 4716

An Gréasán: [www.niwater.com](http://www.niwater.com)

Cuireann an rannóg oideachais ag Uisce Thuaisceart Éireann clár do sheomraí ranga atá dírithe ar an churaclam. Is féidir cuairteanna a eagrú go dtí a dhá ionad oideachais.

Cancer Focus Northern Ireland

40–44 Ascaill Eglantine

BÉAL FEIRSTE

BT9 6DX

Guthán: 028 9066 3281

Email: [info@ulstercancer.org](mailto:info@ulstercancer.org)

An Gréasán: [www.cancerfocusni.org](http://www.cancerfocusni.org)

Cuireann Cancer Focus Thuaisceart Éireann dhá chlár ar fail do bhunscoileanna: Tionscadal Genevieve (bonnchéim) agus Fachtóir na hAclaíochta – Cláraigh le Dúshlán na hAclaíochta (Eochairchéim 1).

[www.fitfactor.co.uk](http://www.fitfactor.co.uk)

## AN FÓRAM MAIDIR LE BIA I SCOILEANNA

### TÉARMAÍ TAGARTHA

#### Aidhm

Le ceannaireacht straitéiseach agus treoir a chur ar fáil ar an bheartas Bia i Scoileanna a fhéachann lena chinntiú go bhfuil bia i scoileanna ionadaíoch don chothromaíocht de dhea-shláinte agus go gcuireann sé go dearfach le cothú leanaí agus go gcuireann scoileanna le forbairt an eolais agus na scileanna atá de dhíth le roghanna sláintiúla bia a dhéanamh.

#### Ballraíocht:

- An Roinn Oideachais (RO) (Cathaoirleach)
- An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI)
- An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (PHA) – Comhordaitheoir Bia i Scoileanna
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA)
- An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP)
- An Ghníomhaireacht Caighdeán Bia (FSA)
- Biaslán
- Ionadaí Bainisteoir Lónadóireachta BOL
- Bainisteoir Daitéitice, Iontaobhais Sláinte agus Chúraim Shóisialta

B'fhéidir go nglacfaí le ballraíocht ad-hoc maidir le saintascanna de réir mar is cuí.

## Saintascanna

- ☑ Tacaíocht a chinntiú do scoileanna agus comhairle a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an bheartais Bia i Scoileanna, acmhainní agus struchtúir thacaíochta san áireamh le luach ar airgead a chinntiú agus úsáid na n-acmhainní teoranta a uasmhéadú
- ☑ Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais Bia i Scoileanna (trí thuarascálacha ESA<sup>9</sup> agus ETI) agus moltaí a dhéanamh leis an bheartas a leabú go hiomlán i scoileanna
- ☑ Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuitear ag cloí le cur i bhfeidhm na gCaighdeán Cothaithe
- ☑ Taighde a choimisiniú de réir mar is cuí le cuidiú le monatóireacht agus measúnú ar an bheartas Bia i Scoileanna
- ☑ Monatóireacht a dhéanamh ar thógáil Béalí Scoile, go háirithe Béalí Scoile Saor in Aisce, agus moltaí a dhéanamh le cur le líon na ndaoine a ghlacann iad
- ☑ Moltaí a aontú maidir le cur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh ar an bheartas
- ☑ Foghrúpaí a bhunú de réir mar is cuí, lena n-áirítear téarmaí tagartha gaolmhara a aontú
- ☑ Aitheantas a thabhairt do bheartais eile rialtais a théann i bhfeidhm ar an bheartas Bia i Scoileanna
- ☑ Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha de réir mar is gá
- ☑ Plean oibre bliantúil a aontú le cistiú gaolmhar

---

<sup>9</sup> Déanfaidh na Boird Oideachais agus Leabharlann monatóireacht agus measúnú go dtí go mbunófar an ESA/ÚOS.

# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## An Fóram maidir le Bia i Scoileanna - Foghrúpaí

Bunófar foghrúpaí de réir mar is gá. Na sonraí seo a leanas aontaithe foghrúpaí agus ballraíocht:

### 1. Foghrúpa na gCaighdeán Cothaithe (athbhreithniú le déanamh air i ndiaidh chur i bhfeidhm ESA)

**Aidhm:** Le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leanúnach na gcaighdeán cothaithe

**Baill:**

- RO
- Bainisteoirí Lónadóireachta BOL
- PHA – Comhordaitheoir Bia i Scoileanna

**Saintascanna:**

- Monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí le caighdeáin cothaithe
- Moltaí a dhéanamh le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe nó le haghaidh a thabhairt ar aon saincheist a thagann chun cinn
- Tuairisc a thabhairt don Fhóram maidir le Bia i Scoileanna maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán cothaithe
- Plean gníomhaíochta bliantúil a chur ar fáil le haontú leis an Fhóram maidir le Bia i Scoileanna

### 2. Foghrúpa maidir le Margaíocht & Cur Chun Cinn

**Aidhm:** Comhairle a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí margaíochta agus cur chun cinn i dtaca le cur i bhfeidhm an bheartais Bia i Scoileanna

**Baill:**

- RO (Cathaoirleach)
- RSSSSP

- PHA Comhordaitheoir Bia i Scoileanna
- Speisialtóir PHA i margaíocht & cur chun cinn
- Bainisteoir Lónadóireachta, BOLBF
- FSA
- Biaslán
- Foireann Cumarsáide na RO

#### Saintascanna:

- Príomh-spriocghrúpaí a shainithint le haghaidh margaíochta agus cur chun cinn agus comhairle a thabhairt maidir le grúpaí tosaíochta
- Stocáireamh a dhéanamh ar acmhainní reatha atá ar fáil do scoileanna agus anailís ar bhearnaí le cuidiú le díriú na n-acmhainní
- Gníomhaíochtaí margaíochta agus cur chun cinn a bhreithniú agus a mholadh a bhfuil sé mar aidhm acu an beartas Bia i Scoileanna a leabú, ag cur san áireamh spriocghrúpaí tosaíochta, costais agus foinsí cistithe féideartha san áireamh
- Plean margaíochta agus feidhmithe bliantúil a fhorbairt le faomhadh ag an Fhóram maidir le Bia i Scoileanna
- Taighde cuí a choimisiúnú de réir mar is cuí
- Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha de réir mar is gá

### 3. Foghrúpa Acmhainní

Aidhm: A chinntiú go bhfuil treoir agus acmhainní ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais Bia i Scoileanna

#### Baill:

- Comhordaitheoir PHA maidir le Bia i Scoileanna (Cathaoirleach)
- FSA
- CCEA
- Biaslán



# Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla



## Saintascanna:

- Iniúchadh a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil do scoileanna le tacú le cur i bhfeidhm an bheartais.
- Anailís ar bhearnaí a dhéanamh le riachtanais acmhainní breise a shainaithint agus moltaí a dhéanamh don Fhóram maidir leis an dóigh ar féidir le roghanna aghaidh a thabhairt ar bhearnaí.
- Moltaí a dhéanamh maidir le meicníocht le haghaidh fhógairt na n-acmhainní do scoileanna.





